**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0040/2022**

3.3.2022

# TUARASCÁIL

maidir leis an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch: an fhostaíocht agus gnéithe sóisialta i suirbhé bliantúil fáis inbhuanaithe 2022 (2021/2233(INI))

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

Rapóirtéir: Helmut Geuking

PR_INI

## CLÁR

**Leathanach**

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA .....................................3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ..........................................................................................................24

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH......................................28

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........29

## TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**maidir leis an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch: an fhostaíocht agus gnéithe sóisialta i suirbhé bliantúil fáis inbhuanaithe 2022 (2021/2233(INI))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 24 Samhain 2021 maidir le Suirbhé Bliantúil Fáis 2022 (COM(2021)0740),

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún an 24 Samhain 2021 le haghaidh tuarascáil chomhpháirteach ar fhostaíocht ón gCoimisiún agus ón gComhairle (COM(2021)0743),

– ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún an 24 Samhain 2021 le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (COM(2021)0742),

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoimisiún an 24 Samhain 2021 dar teideal *Alert Mechanism Report 2022: prepared in accordance with Articles 3 and 4 of Regulation (EU) No 1176/2011 on the prevention and correction of macroeconomic imbalances* [Tuarascáil 2022 maidir leis an Sásra Foláirimh: arna hullmhú i gcomhréir le hAirteagail 3 agus 4 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú] (COM(2021)0741),

– ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 24 Samhain 2021 dar teideal *The 2022 Draft Budgetary Plans: Overall Assessment* [Dréachtphleananna buiséadacha 2022: Measúnú foriomlán] (COM(2021)0900),

– ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 1 Iúil 2020 maidir le *European Skills Agenda for sustainable competitiveness, social fairness and resilience* [Clár Oibre Scileanna don Eoraip don iomaíochas inbhuanaithe, don chothroime shóisialta agus don athléimneacht] (COM(2020)0274),

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1],

– ag féachaint don Réamhaisnéis Eacnamaíoch ón gCoimisiún, Fómhar 2021,

– ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2020 maidir leis an Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach faoi 2025 (COM(2020)0625),

– ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2020 dar teideal *Digital Education Action Plan 2021-2027: Resetting education and training for the digital age* [Plean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach 2021-2027: Athshocrú a dhéanamh ar oideachas agus oiliúint don ré dhigiteach] (COM(2020)0624),

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.

cuntais foghlama aonair (COM(2021)773),

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2020/672 ón gComhairle an 19 Bealtaine 2020 maidir le bunú ionstraime Eorpaí le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE) tar éis ráig COVID-19,

– ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Márta 2020 dar teideal *A Union of Equality: Gender Equality Strategy 2020-2025* [Aontas an Chomhionannais: Straitéis Comhionannais Inscne 2020-2025] (COM(2020)0152),

– ag féachaint don pháipéar leathoifigiúil ón Ostair, ón mBulgáir, ón Danmhairg, ón Eastóin, ón bhFionlainn, ó Éirinn, ón Laitvia, ón Liotuáin, ó Mhálta, ón Ísiltír agus ón tSualainn[2], ina bhfuil ionchur don dearbhú ón gCruinniú Mullaigh Sóisialta Porto,

– ag féachaint do rún uaithi an 20 Deireadh Fómhair 2021 maidir le beartais fostaíochta agus shóisialta an limistéir euro[3],

– ag féachaint do Dhearbhú Astana maidir le Príomhchúram Sláinte 2018,

– ag féachaint do Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta (CECS) a d'fhógair an Chomhairle Eorpach, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach i mí na Samhna 2017,

– ag féachaint don Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Sóisialta an 9 Nollaig 2021,

– ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta (A9-0040/2022),

A. de bhrí nach mór do chomhordú beartais an tSeimeastair Eorpaigh agus do na Ballstáit rialacha infheidhme agus ábhartha an Aontais maidir le hairgeadas poiblí fónta a urramú; de bhrí go gcuirtear creat coiteann ar fáil leis an Seimeastar Eorpach chun beartais eacnamaíocha, buiséadacha agus fostaíochta a mhaoirsiú agus a chomhordú ar fud Bhallstáit AE chun airgeadas poiblí fónta agus inbhuanaithe a áirithiú, chun cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch a áirithiú, chun tacú le hathchóirithe struchtúracha agus chun borradh a chur faoin infheistíocht, lena n-áirítear don aistriú dhá ghlas agus digiteach; de bhrí gur cuireadh san áireamh sa Seimeastar freisin cruthú na Saoráide um Théarnamh agus um Athléimneacht (RRF) lena spreagfar athchóirithe agus infheistíochtaí na mBallstát i gcomhréir le tosaíochtaí AE mar a leagtar amach sna sé cholún atá aige, agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar na dúshláin a sainaithníodh sna moltaí tír-shonracha atá le teacht; de bhrí go bhfuil sé mar aidhm aige comhordú an bheartais eacnamaíoch a aistriú de réir a chéile ó dhéileáil le géarchéim COVID go dtí an bonn a leagan síos le haghaidh téarnamh cuimsitheach agus athléimneacht níos láidre[4]; de bhrí nach mór don Seimeastar Eorpach, mar chuid de chreat rialachais

[2] https://www.government.se/articles/2021/04/social-summit-non-paper-by-austria-bulgaria-denmark-estonia-finland-ireland-latvia-lithuania-malta-the-netherlands-and-sweden/
[3] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2021)0426.
[4] https://ec.europa.eu/info/business-economy-euro/economic-and-fiscal-policy-coordination/eu-economic-governance-monitoring-prevention-correction/european-semester/european-semester-timeline/2022-european-semester-cycle_ga

eacnamaíoch AE, a chur in oiriúint ní hamháin do chuspóirí eacnamaíocha agus sóisialta, ach freisin do na cuspóirí a bhaineann leis na haistrithe glasa agus digiteacha, comhdhlúthú na gcóras sláinte, agus rochtain agus deiseanna do leanaí agus don óige;

B. de bhrí go bhfuil sé ríthábhachtach a áirithiú go ndéanfaidh an Seimeastar comhordú agus faireachán ar iarrachtaí na mBallstát chun prionsabail EPSR a bhaint amach, go háirithe príomhspriocanna AE lena n-áirithítear gur cheart go mbeadh 78 % ar a laghad idir 20 agus 64 bliain d'aois i bhfostaíocht faoi 2030, ba cheart do 60 % ar a laghad de na daoine fásta uile páirt a ghlacadh san oiliúint gach bliain agus gur cheart laghdú 15 milliún ar a laghad a dhéanamh ar líon na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, lena n-áirítear 5 milliún leanbh ar a laghad; de bhrí go bhfuil béim níos láidre i dTuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2022 ar chur chun feidhme EPSR, i gcomhréir le gealltanais Phlean Gníomhaíochta mhí an Mhárta 2021 agus le gealltanais ó Cheannairí AE i nDearbhú Porto an 8 Bealtaine 2021; de bhrí gur cheart do chur chun feidhme an tSeimeastair iarracht an Aontais a neartú i dtreo aistriú glas, digiteach agus cóir agus rannchuidiú le cóineasú sóisialta agus eacnamaíoch aníos a bhaint amach, aghaidh a thabhairt ar na dúshláin dhéimeagrafacha, agus leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFIanna) a bhaint amach;

C. de bhrí go bhfuil AE fothaithe ar bhunluachanna na gConarthaí, amhail meas ar dhínit an duine, ar an gcomhionannas agus ar chearta an duine; de bhrí go bhfuil a Bhallstáit tiomanta do sheasamh leis na luachanna sin agus do chur chun feidhme Chomhaontú Pháras, Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe agus EPRS; de bhrí go léiríonn tionchar domhain eacnamaíoch agus sóisialta paindéim leanúnach COVID-19, lena n-áirítear an tionchar ar leith ar leanaí agus ar an óige, ar ghrúpaí agus ar oibrithe leochaileacha a mbeidh an tionchar is mó ag an gcor chun donais eacnamaíoch orthu i ndiaidh paindéim COVID-19 agus i ndiaidh chlaochlú struchtúrach gheilleagair na hEorpa atá nasctha leis na haistrithe, gur gá aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna sóisialta ar an leibhéal Eorpach chomh maith leis an ngá atá le téarnamh inbhuanaithe, digiteach agus athléimneach lena gcruthófar poist ardcháilíochta agus fás inbhuanaithe agus lena ndéanfar ár neamhspleáchas straitéiseach a chomhdhlúthú agus an dlí náisiúnta á urramú ag an am céanna; de bhrí go sainítear i mbrollach an Chonartha ar an Aontas Eorpach spriocanna uileghabhálacha an bheartais eacnamaíoch mar 'a ngeilleagair a neartú agus a chóineasú' agus 'dul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta dá bpobail, ag féachaint do phrionsabal na forbartha inbhuanaithe';

D. de bhrí gur tharla titim ghéar sa gheilleagar in 2020 mar thoradh ar phaindéim COVID-19; de bhrí nár cuireadh isteach ar réigiúin ná ar gheilleagair na hEorpa ar an mbealach céanna agus go dtí an leibhéal céanna; de bhrí gur maolaíodh an tionchar a bhí ag titim ghéar OTI in 2020 ar dhífhostaíocht le freagairtí éagsúla beartais, i measc scéimeanna eile chun poist a choinneáil; de bhrí go bhfuil an leibhéal fostaíochta agus líon na n-uaireanta an chloig oibrithe beagnach ag an leibhéal a bhí ann roimh an ngéarchéim, cé nach bhfuil luas an téarnaimh míchothrom ar fud na mBallstát; de bhrí gur dúshlán suntasach é tionchar na géarchéime ach gur deis é freisin ár ngeilleagair agus ár sochaithe a athsheoladh, agus leanúint leis na haistrithe glasa agus digiteacha ar bhealach níos inbhuanaithe, níos athléimní agus níos cuimsithí; de bhrí gur cheart don chlaochlú sin neamhionannais mhéadaitheacha a aisiompú, comhtháthú sóisialta a neartú agus a áirithiú nach bhfágfar aon duine ar gcúl; de bhrí, de réir réamhaisnéis eacnamaíoch na hEorpa, Fómhar 2021, go meastar gur fás 5 % a bheidh ann in 2021, fás

4.3 % a bheidh ann in 2022 agus fás 2.5 % a bheidh ann in 2023, ach beidh an téarnamh ag brath go mór ar éabhlóid na paindéime; de bhrí, áfach, go mbeidh an téarnamh ag brath go mór ar thuilleadh forbairtí paindéime[5] agus ar na srianta ar ghníomhaíocht eacnamaíoch chun í a shrianadh; de bhrí go bhfuil ganntanas saothair tagtha chun cinn arís ó thús an téarnaimh sa mhonaraíocht agus sna seirbhísí; de bhrí gur tuairiscíodh go raibh ganntanais i ngairmeacha áirithe i roinnt tíortha nó i roinnt réigiún san AE agus gur ann do bharrachas oibrithe cáilithe i dtíortha eile, ag cur béime ar ábharthacht na soghluaisteachta saothair agus na sreafaí imirce; de bhrí go bhfuil ganntanais lucht saothair á spreagadh freisin ag treochtaí struchtúracha (e.g. aosú) agus ag tosca eile a tháinig roimh an bpaindéim;

E. de bhrí gurb éard atá i mbaol i margadh an tsaothair na daoine sin atá dífhostaithe, tearcfhostaithe (i.e. oibrithe páirtaimseartha ar mhaith leo níos mó uaireanta an chloig a chaitheamh ach nach féidir leo post a thairiscint), agus gan a bheith ar fáil láithreach i margadh an tsaothair (oibrithe dífhostaithe atá ar fáil láithreach chun post a thosú ach nach bhfuil ag lorg poist faoi láthair, nó a bhí ag lorg poist ach nach mbeadh ar fáil láithreach chun tús a chur le post); de bhrí gurbh é 14.6 % den lucht saothair sa dara ráithe de 2020 in AE ba chúis leis an meath i margadh an tsaothair, i gcomparáid le 13.1 % sa dara ráithe de 2019; de bhrí gurb ionann sin agus na hacmhainní saothair tearcúsáidte sa gheilleagar;

F. de bhrí go bhfuil paindéim COVID-19 ag cur ualach trom ar dhaoine in AE, go háirithe iad siúd ó ghrúpaí níos leochailí amhail mná, daoine faoi mhíchumas, leanaí, daoine óga agus daoine scothaosta ó thaobh a saoil laethúil, a saol oibre agus a slite beatha ginearálta[6]; de bhrí go raibh tionchair dhiúltacha ag an ngéarchéim COVID-19 ar mhargadh saothair na hEorpa; de bhrí gur tháinig méadú ar bhochtaineacht agus dibhéirseachtaí i gcaighdeáin mhaireachtála de bharr na bhforbairtí sin i roinnt Ballstát; de bhrí gur mhéadaigh an bhochtaineacht i measc lucht oibre ó 8.5 % in 2010 go 9 % in 2019 in AE-27; de bhrí go bhfuil riosca i bhfad níos airde ag oibrithe atá ar chonarthaí sealadacha maidir le bochtaineacht lucht saothair ná iad siúd atá ar chonarthaí buana (16.2 % vs 5.9 %), mar atá oibrithe ar bheagán oiliúna i gcomparáid le hoibrithe ardoilte (19 % vs 4.9 %); de bhrí, ina theannta sin, gur dóchúla go mbeadh bochtaineacht lucht oibre i ngrúpaí leochaileacha, lena n-áirítear oibrithe óga, tuismitheoirí aonair, daoine faoi mhíchumas, daoine LGBTI, Romaigh nó náisiúnaigh tríú tír; de bhrí go raibh go leor teaghlach oibrithe séasúracha agus trasteorann scoilte le linn na mbeart glasála neamhchomhordaithe ar dtús; de bhrí, mar thoradh ar bhearta glasála, go mbíonn ar thuismitheoirí, go príomha mná, cothromaíocht a fháil idir a bhfreagrachtaí agus a gcuid leanaí agus gaolta scothaosta nó gaolta faoi mhíchumas; de bhrí go bhféadfadh strus agus fadhbanna meabhairshláinte a bheith mar thoradh ar easpa cothromaíochta oibre is saoil;

G. de bhrí gurb ionann an ráta dífhostaíochta i measc na n-óg in AE, agus na comharthaí tosaigh téarnaimh á léiriú faoi lár 2021, fós ag 17.4 % sa dara ráithe de 2021, ráta dífhostaíochta beagnach faoi thrí an daonra idir 25-74 bliana d'aois; de bhrí gur

---

[5] Páipéar institiúideach ón gCoimisiún Eorpach dar teideal *European Economic Forecast: Autumn 2021*, [Réamhaisnéis Eacnamaíoch na hEorpa, Fómhar 2021], Samhain 2021, lch. 2.
[6] Tuarascáil 2021 ó Bundesinstitut für Bevölkerungsforschung dar teideal *Belastungen von Kindern, Jugendlichen und Eltern in der Corona-Pandemie* [Brú ar leanaí, ar dhaoine óga agus ar thuismitheoirí le linn phaindéim an choróinvíris].

aisiompaigh tionchar na géarchéime COVID ar mhargadh an tsaothair laghdú sé bliana ar líon na ndaoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais nó oiliúna (NEETanna) go páirteach mar thoradh ar staideanna neamhbhuana daoine óga [7]i margadh an tsaothair; de bhrí go bhfuil meabhairshláinte na ndaoine óga tar éis dul in olcas go suntasach le linn na paindéime, agus fadhbanna a bhaineann leis an meabhairshláinte a dhúbailt i roinnt Ballstát i gcomparáid leis an leibhéal a bhí ann roimh an ngéarchéim; de bhrí go raibh 64 % de na daoine óga san aoisghrúpa 18-34 i mbaol dúlagair in earrach na bliana 2021, go páirteach mar thoradh ar a n-easpa fostaíochta agus ar a n-ionchais airgeadais agus oideachais san fhadtéarma;

H. de bhrí go raibh tionchar tubaisteach ag paindéim COVID-19 ar dhaoine óga, agus go raibh rátaí fostaíochta ag titim agus laghdú suntasach ar ioncam pearsanta; de bhrí gur léirigh an ghéarchéim roimhe seo, i gcás nach gcuirtear cúrsaí oiliúna agus poist ardchaighdeáin ar fáil do dhaoine óga – bunaithe ar chomhaontuithe i scríbhinn agus ar dhálaí cuibhiúla oibre, lena n-áirítear pá maireachtála, comhairleoireacht gairme agus treoir bhreise – beidh baol mór ann arís eile go mbeidh orthu glacadh le poist fhorbhásacha, go bhfágfaidh siad a dtír chun obair a fháil, nó clárú arís agus arís eile san oideachas nó san oiliúint; de bhrí nach mór tréimhsí oiliúna a íoc ní hamháin ach a bheith teoranta ó thaobh faid agus líon freisin, ionas nach mbeidh daoine óga gafa le cúrsaí oiliúna arís agus arís eile nach bhfuil riamh ag teacht chun tairbhe dóibh agus leas a bhaint astu mar shaothar saor nó fiú saor in aisce, agus gan cosaint shóisialta ná cearta pinsin; de bhrí gur cheart go mbeadh 'glúin chaillte' eile de dhaoine óga ar cheann de phríomhthosaíochtaí AE;

I. de bhrí go bhfuil an ghéarchéim tithíochta ag tarlú i dtíortha saibhre agus i dtíortha nach bhfuil chomh saibhir araon, a bhfuil an t-eisiamh sóisialta agus leithscaradh spáis mar thoradh uirthi; de bhrí go bhfuil rochtain ar thithíocht chuibhiúil agus inacmhainne níos deacra do ghrúpaí leochaileacha amhail oibrithe bochta, mná, daoine óga, go háirithe daoine óga dífhostaithe, tuismitheoirí aonair, teaghlaigh mhóra, daoine scothaosta, go háirithe iad siúd atá ina gcónaí astu féin, daoine LGBTIQ, imircigh, dídeanaithe, daoine faoi mhíchumas, daoine a bhfuil tinneas fisiciúil nó síciatrach orthu, agus daoine ó phobail imeallaithe, lena n-áirítear an pobal Romach;

J. de bhrí, de réir bhunachar sonraí maicreacnamaíoch an Choimisiúin AMECO[8], gur mhéadaigh líon na dtíortha a raibh forbairt dhiúltach déanta acu i bhfíorphá ó dhá thír in 2019 go 13 in 2020; de bhrí go bhfuil fíorleibhéil pá fós faoi leibhéal na bliana géarchéime in go leor tíortha AE; de bhrí, chun cumhacht ceannaigh oibrithe a choimeád, go mbeadh ardú 5 % ar fhíorphá in 2022;

K. de bhrí, de réir taighde ECFE[9], gur féidir aon trian d'éagothroime pá foriomlán a mhíniú mar gheall ar bhearnaí idir gnólachtaí i gcleachtais socraithe pá, seachas difríochtaí i scileanna oibrithe; de bhrí go n-íocann gnólachtaí ardphá tuairim is a dhá oiread le pá íseal d'oibrithe inchomparáide; de bhrí, nuair nach féidir le hoibrithe bogadh go héasca ó ghnólacht amháin go gnólacht eile (e.g. mar gheall ar chuardach poist agus costais

---

[7] https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/economy-finance/2022_european_semester_proposal_for_a_joint_employment_report_0.pdf
[8] https://ec.europa.eu/info/business-economy-euro/indicators-statistics/economic-databases/macro-economic-database-ameco/ameco-database_ga
[9] https://www.oecd-ilibrary.org/sites/7d9b2208-en/index.html?itemId=/content/publication/7d9b2208-en

aistrithe), is de réir scileanna na n-oibrithe amháin a chinntear an pá ach de réir chleachtais socraithe pá gnólachtaí freisin;

L. de bhrí go ndéanfar roinnt ath-leithdháileadh fostaíochta idir cúraimí agus earnálacha mar thoradh ar na haistrithe glasa agus digiteacha; de bhrí gur dúshlánaí i dtéarmaí riachtanas scileanna ath-leithdháileadh oibrithe thar earnálacha ná ath-leithdháileadh idir gnólachtaí laistigh d'earnálacha, agus go bhféadfadh tréimhsí dífhostaíochta níos faide a bheith i gceist leis;

M. de bhrí gur féidir le teilea-obair línte reatha a dhoirteadh idir an saol oibre agus an saol príobháideach uaireanta, rud a thugann le tuiscint déine oibre níos airde agus deacrachtaí eile; de bhrí go ngabhann rioscaí do cháilíocht na fostaíochta le teicneolaíochtaí digiteacha; de bhrí go bhfuil níos mó ná dhá oiread seans ann go n-oibreoidh daoine a oibríonn go rialta ón mbaile de bhreis ar an uasmhéid riachtanach 48 uair an chloig in aghaidh na seachtaine; de bhrí go ndeir nach mór 30 % de na cianoibrithe go mbíonn siad ag obair ina gcuid ama saor gach lá nó cúpla uair sa tseachtain;

N. de bhrí go bhfuil an t-athrú aeráide tar éis dul in olcas cheana féin agus go bhfuil tionchar díréireach aige ar na grúpaí agus na réigiúin bochta agus na grúpaí agus na réigiúin is leochailí; de bhrí go bhfuil iarmhairtí an athraithe aeráide agus eachtraí adhaimsire le brath ag saoránaigh agus oibrithe AE ar bhonn níos déine agus níos minice ná mar a bhí roimhe seo; de bhrí gur dúshláin d'oibrithe agus do ghnólachtaí araon iad spriocanna neodrachta aeráide AE chun feabhas a chur ar fholláine daoine agus mar fhíorghá chun an aeráid a chaomhnú agus chun todhchaí níos fearr a fhorbairt do na glúine óga agus do na glúine atá le teacht; de bhrí go mbíonn tionchar difriúil ag beartais chun spriocanna aeráide AE a bhaint amach ar réigiúin éagsúla, agus an tionchar is mó acu siúd a bhíonn ag brath go mór ar bhreoslaí iontaise; de bhrí go bhfuil tionchar ag méaduithe gasta ar phraghsanna fuinnimh ar fud AE, a bhfuil roinnt cúiseanna leo nach bhfuil teoranta do thionchar eacnamaíoch phaindéim COVID-19, ar an daonra is leochailí in AE, go háirithe daoine aonair agus teaghlaigh a bhfuil na hioncaim is ísle acu; de bhrí nach mór an dúshlán atá ann ár ngeilleagair agus ár sochaithe a oiriúnú a bhainistiú ar bhealach lena n-áirithítear aistriú cothrom agus cóir; de bhrí go gcuireann teacht chun cinn earnálacha gaolmhara nua deiseanna ar fáil do ghnólachtaí agus gur cruthaíodh leo gur gá athoiliúint agus uasoiliúint a chur ar oibrithe do phoist inbhuanaithe agus do phoist atá dírithe ar an todhchaí; de bhrí gur cheart, leis an bpróiseas sin, daoine, teaghlaigh agus micrifhiontair atá leochaileach go sóisialta a chosaint, má dhéantar é a bhainistiú go maith; de bhrí go mbeidh sé ríthábhachtach poist ardcháilíochta a chruthú, bearta aistrithe córa uaillmhianacha, chomh maith le cláir éifeachtúla uasoiliúna agus athoiliúna, chun aistriú rianúil agus cuimsitheach a áirithiú d'oibrithe;

O. de bhrí go bhfuil na Ballstáit, le tacaíocht ó AE, tar éis tacaíocht fhioscach agus cúnamh leachtachta gan fasach a leathnú chuig a ngeilleagair chun oll-díchur a sheachaint, ioncaim a chaomhnú agus gnólachtaí a chosaint mar fhreagairt ar an ngéarchéim COVID-19; de bhrí go raibh ról lárnach ag baint le gníomhachtú an 'clásal ginearálta éalaithe' faoi chuimsiú nósanna imeachta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis, le glacadh an phlean dar teideal NextGenerationEU agus RRF, leis an Tionscnamh Infheistíochta um Fhreagairt don Choróinéir (CRII) agus le CRII+ agus leis an

ionstraim Eorpach um thacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE) a thabhairt isteach; de bhrí go leagann an fhreagairt stóinsithe chomhordaithe beartais seo béim ar a thábhachtaí atá sé leanúint de chomhordú láidir a dhéanamh ar bheartais eacnamaíocha, fostaíochta agus shóisialta trí uirlisí éagsúla beartais agus maoinithe; de bhrí go bhfuil srianta buiséadacha á gcur ar na Ballstáit mar gheall ar an ngá méadaithe atá le cistiú chun an geilleagar a neartú;

P. de bhrí go bhfuil laghdú ag teacht ar ráta fáis dhaonra AE agus go meastar go dtiocfaidh laghdú suntasach ar an daonra san fhadtéarma; de bhrí go bhfuil méid an athraithe dhéimeagrafaigh éagsúil sna Ballstáit agus sna réigiúin; de bhrí go mbíonn tionchar ag athrú déimeagrafach ar chórais shóisialta agus ar na margaí saothair[10], go háirithe ar an earnáil cúraim, agus go n-éilítear cur chuige cuimsitheach a bheadh bunaithe ar mheascán de réitigh bheartais i réimsí na bpinsean, na slándála sóisialta, na seirbhísí cúraim leanaí agus na seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh, na tithíochta, na scoileanna luath-óige, na gcóras sláinte, an chuimsithe shóisialta, lánpháirtiú na mionlach agus na n-imirceach, na cothromaíochta oibre is saoil agus an chomhionannais inscne; de bhrí gur leag an ghéarchéim reatha béim arís ar thábhacht agus ar ról tearcluacháilte na hearnála cúraim inár sochaithe; de bhrí go bhfuil laghdú ag teacht ar dhaonra an AE atá in aois oibre le deich mbliana anuas, rud atá ina dheimhneach freisin go bhfuil méadú ag teacht ar an nganntanas saothair; de bhrí gur léirigh géarchéim COVID-19 rannchuidiú ríthábhachtach na n-oibrithe imirceacha chun tacú le geilleagair na hEorpa agus le seirbhísí riachtanacha agus chun ganntanais lucht saothair a líonadh; de bhrí go bhfuil sé ríthábhachtach go gcruthófar poist ardcháilíochta d’oibrithe ar mheán-oilte agus d’oibrithe ar bheagán oiliúna agus do mhná agus do dhaoine óga go háirithe;

Q. de bhrí gur deis é an éabhlóid dhigiteach gan fasach agus cur chun feidhme méadaitheach na hintleachta saorga (AI) do AE a bheith ina cheannaire i réimse na hintleachta saorga atá eiticiúil agus dírithe ar an duine agus geilleagar níos láidre agus níos athléimní a chruthú bunaithe ar an dul chun cinn digiteach; de bhrí go bhfuil go leor buntáistí ag baint leis an digitiú d’fhostóirí agus d’oibrithe, ach go bhfuil míbhuntáistí ann freisin; de bhrí go bhfuil cur i bhfeidhm na gcóras uathoibrithe, an intleacht shaorga agus ardteicneolaíochtaí gaolmhara sa gheilleagar ag síormhéadú agus go bhfuil claochlú socheacnamaíoch agus digiteach ag teastáil dá bharr sin; de bhrí gur cheart don gheilleagar digiteach nua tairbhí a chur ar fáil d’oibrithe agus don tsochaí i gcoitinne trí cháilíocht saoil agus dálaí oibre a fheabhsú, trí chothromaíocht mhaith oibre is saoil a áirithiú, trí dheiseanna fostaíochta nua a chruthú agus trí rannchuidiú le cóineasú socheacnamaíoch; de bhrí go bhfuil sé d’acmhainn ag IS atá dea-rialáilte rathúnas a chothú agus an t-aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe, láidir agus níos athléimní a éascú; de bhrí go gcuirtear tairbhí eacnamaíocha agus deiseanna nua ar fáil do ghnólachtaí leis an intleacht shaorga, agus gur léiriú í ag an am céanna ar dhúshláin dhlíthiúla agus ar dhúshláin a bhaineann leis an bhfostaíocht; de bhrí gur gá an oiliúint is gá a chur ar fáil d’oibrithe sna scileanna is gá chun oibriú leis an teicneolaíocht atá ag athrú agus chun iad féin a chur in oiriúint do na haistrithe dhá ghlasa agus digiteacha;

R. de bhrí gur léirigh an ghéarchéim reatha go dtugann poist ar gach leibhéal scileanna luach dár sochaithe agus dár ngeilleagair agus gur cheart go n-áiritheodh siad áiteanna

[10] Tuarascáil ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2020 maidir le tionchar an athraithe dhéimeagrafaigh (COM(2020)0241).

oibre atá sábháilte agus sláintiúil agus fostaíocht ar ardchaighdeán; de bhrí go bhfuil éileamh láidir ar oibrithe i dtrádálacha agus i ngairmeacha ar leith; de bhrí go n-áirithítear leis an oideachas agus leis an oiliúint, lena n-áirítear beartais oiliúna ar feadh an tsaoil, riachtanais mhargadh an tsaothair a thuar agus a léiriú, go n-áirithítear leo go mbeidh comhtháthú níos fearr i margadh an tsaothair agus go bhfuil siad fíorthábhachtach d'oibreoirí eacnamaíocha agus d'fhorbairtí gairme na n-oibrithe; de bhrí gur cheart cláir uas-scilithe, athscilithe agus oiliúna a bheith ar fáil do gach oibrí, lena n-áirítear oibrithe atá faoi mhíchumas, agus gur cheart iad a chur in oiriúint freisin do riachtanais agus d'acmhainní na n-oibrithe;

S. de bhrí go raibh níos mó ná 3 300 tionóisc mharfach agus 3.1 milliún tionóisc neamh-mharfach in AE-27 in 2018; de bhrí go bhfaigheann níos mó ná 200 000 oibrí bás gach bliain de dheasca tinnis a bhaineann leis an obair[11]; de bhrí nach n-áirítear leis na sonraí sin tionóiscí a tharlaíonn laistigh d'obair neamhdhearbhaithe, rud a chiallaíonn gur dócha go rachaidh líon fíor níos mó ná an staidreamh oifigiúil[12]; de bhrí, de réir Eurofound in 2017, gur 'poist ardeitilte' a bhí i 21 % de na poist san Eoraip agus go raibh 20 % de na poist 'd'ardcháilíocht'[13] agus go gcuireann 20 % de na poist sin oibrithe i mbaol méadaithe fisiciúil nó meabhrach; de bhrí gur nochtadh 14 % de na hoibrithe do leibhéal ard rioscaí síceasóisialta; de bhrí go gcreideann 23 % d'oibrithe na hEorpa go mbíonn a sábháilteacht nó a sláinte i mbaol mar gheall ar a n-obair; de bhrí gur 3.3 % de OTI an Aontais Eorpaigh an costas a bhaineann le tinneas agus gortuithe a bhaineann leis an obair[14]; de bhrí go bhfuil an ceart ag oibrithe ionad oibre agus timpeallacht shláintiúil, shábháilte agus inrochtana a bheith acu a chuidíonn le cur chun feidhme an EPSR agus na gcaighdeán um Shábháilteacht agus Sláinte Ceirde; de bhrí nach leor na straitéisí agus na straitéisí coisctheacha atá ann chun oibrithe níos sine, oibrithe faoi mhíchumas agus oibrithe atá toilteanach athimeascadh i margadh an tsaothair tar éis tinnis fhada, agus go gcailltear deiseanna d'oibrithe, don ghnó agus don tsochaí ina hiomláine dá mbarr;

***Caibidil I***

1. ag tabhairt dá haire go gcaithfidh inbhuanaitheacht, cuimsiú sóisialta agus leas mhuintir na hEorpa a bheith i gcroílár straitéis eacnamaíoch AE, agus go bhfuil Uachtarán an Choimisiúin tiomanta chuige sin; á chur in iúl gur gá don AE athchóiriú a dhéanamh ar an rialachas eacnamaíoch lena ndírítear ar fhorbairt inbhuanaithe agus ar fholláine; ag leagan béim ar an ngá atá le hinfheistíocht phoiblí shóisialta agus chomhshaoil i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta;

2. á mheabhrú go n-oibreoidh an tAontas, de réir na gConarthaí, ar mhaithe le forbairt

---

[11] https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/IP_21_3170
[12] https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Accidents_at_work_statistics#Number_of_accidents; https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52021DC0323&from=NL
[13] 'Sixth European Working Conditions Survey – Overview report (2017 update)', Eurofound, 2017, [An séú suirbhé ar dhálaí oibre san Eoraip – Tuarascáil forléargais (nuashonrú 2017)], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg.
[14] Teachtaireacht ón gCoimisiún an 28 Meitheamh 2021 dar teideal *EU strategic framework on health and safety at work 2021-2027: Occupational safety and health in a changing world of work* [Creat Straitéiseach AE maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair 2021-2027: Sábháilteacht agus sláinte cheirde i ndomhan athraitheach oibre] (COM(2021)0323).

inbhuanaithe na hEorpa bunaithe ar fhás eacnamaíoch cothrom, lánfhostaíocht, timpeallachtaí agus dálaí oibre sláintiúla agus sábháilte, dul chun cinn sóisialta, ardleibhéal cosanta agus feabhas ar cháilíocht an chomhshaoil, dul chun cinn eolaíoch agus teicneolaíoch a chur chun cinn, bochtaineacht agus neamhionannais, eisiamh sóisialta agus idirdhealú a chomhrac, agus cóineasú aníos, ceartas agus cosaint shóisialta, comhionannas idir mná agus fir, dlúthpháirtíocht idir na glúine agus cosaint chearta an linbh agus daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn; ag áitiú go gcaithfidh na spriocanna sin a bheith ina dtosaíochtaí uileghabhálacha do straitéis fhadtéarmach an Aontais maidir leis an bhfás inbhuanaithe i gcomhréir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) na Náisiún Aontaithe, le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta agus leis an gComhaontú Glas, agus go gcaithfidh siad taca a chur faoi phleananna téarnaimh agus athléimneachta na mBallstát; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go mbeidh rialachas eacnamaíoch na hEorpa i gcomhréir leis na spriocanna agus leis na straitéisí sin;

3. á iarraidh ar an gCoimisiún ceachtanna a fhoghlaim ón ngéarchéim seo agus obair a dhéanamh chun rialachas inbhuanaithe claochlaithe a chur chun feidhme san Aontas bunaithe ar an dlúthpháirtíocht, ar an gceartas sóisialta agus ar an lánpháirtiú, ar dháileadh cothrom an rachmais, ar chomhionannas inscne, ar sheirbhísí poiblí ar ardchaighdeán, lena n-áirítear córas oideachais poiblí uilíoch ar ardchaighdeán, ar fhostaíocht ar ardcháilíocht agus ar fhás inbhuanaithe; á iarraidh ar an gCoimisiún, sula nglacfaidh sé an cinneadh chun an clásal éalaithe ginearálta a dhíghníomhachtú, machnamh a dhéanamh ní hamháin ar mheasúnú foriomlán a dhéanamh ar staid an gheilleagair bunaithe ar chritéir chainníochtúla, ach ar mheasúnú a dhéanamh freisin ina léirítear mar is ceart na neamhionannais fholuiteacha, mar aon le staid fostaíochta, shóisialta agus sláinte sna Ballstáit;

4. á chur in iúl go láidir go bhfuil sé ríthábhachtach a mheas go bhfuil rath ar gheilleagar AE ó thaobh fholláine na saoránach agus na n-oibrithe, margaí cuimsitheacha saothair, agus caighdeáin saothair agus chomhshaoil;

5. á chur in iúl go láidir nach mór don fhás eacnamaíoch inbhuanaithe a bheith mar sprioc chun ár ngeilleagair a athrú ar bhealach cuimsitheach agus inbhuanaithe, lena seachnófar míchothromaíochtaí sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil tríd an mbochtaineacht a chomhrac, neamhionannais a laghdú, poist chuibhiúla a chruthú le pá leordhóthanach agus dálaí oibre leordhóthanacha; ag tabhairt dá haire, má bhíonn ár ngeilleagair iomaíoch, gur féidir leo na cumais chearta a fhorbairt don todhchaí, lena n-áirítear an cumas chun cos a choinneáil le héilimh mhargadh saothair nua-aimseartha; á chur i bhfios gur cheart cuid shuntasach den ioncam a ghintear leis an bhfás eacnamaíoch agus na hioncaim chánach a eascraíonn as sin a úsáid chun seirbhísí poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear an tsláinte phoiblí agus córais oideachais; á chur in iúl go bhfuil gá le tacaíocht láidir do sheirbhísí poiblí, do chórais sláinte agus oideachais, lena n-áirítear chun cruthú post ardcháilíochta a spreagadh, téarnamh cuimsitheach agus ionchas géarchéimeanna amach anseo; á iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú ar rialachas eacnamaíoch na hEorpa atá ann faoi láthair agus go háirithe ar rialacha fioscacha AE; á chur in iúl go láidir go bhfuil fás eacnamaíoch inbhuanaithe agus cuimsitheach riachtanach don dul chun cinn, don nuálaíocht, do phoist chuibhiúla agus do shaol féinchinntithe; á chur i bhfios go ndéantar caighdeán maith maireachtála a bhaint amach le hioncam maith agus go gcuirtear cosaint shóisialta ar fáil do theaghlaigh;

6. á chur in iúl gur cúis imní di go raibh roinnt Ballstát i bhfiacha roimh phaindéim COVID-19; á chur in iúl gur díol sásaimh di an fhreagairt stairiúil agus gan fasach ón Eoraip i bhfoirm an Chéad-GhuintEU agus RRF mar ionstraimí chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta na paindéime sna Ballstáit a mhaolú;

7. á chur i bhfios go láidir nach mór cuntasacht dhaonlathach do phróiseas meastóireachta reatha an tSeimeastair a neartú; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit athchóiriú a dhéanamh ar an gcreat dlíthiúil airgeadais agus ar phróiseas an tSeimeastair Eorpaigh d'fhonn a áirithiú go neartófar leis an gcreat nua rialachais eacnamaíoch cuntasacht dhaonlathach agus rannpháirtíocht na Parlaiminte, ról agus rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta náisiúnta agus AE a neartú, agus cur chuige a bheidh bunaithe ar fheidhmíocht agus dírithe ar thorthaí a áirithiú maidir le cuspóirí beartais;

8. á chur in iúl go láidir go bhfuil trí phríomhsprioc i bPlean Gníomhaíochta EPSR agus go mbaineann an ceann deireanach leis an mbochtaineacht agus go bhfuil sé mar aidhm aige líon na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta a laghdú faoi 15 milliún ar a laghad, as ar cheart 5 milliún ar a laghad a bheith ina leanaí, i gcomparáid le 2019; gur oth léi, mar sin féin, nár thíolaic an Coimisiún clár oibre soiléir agus cuimsitheach go fóill chun an cuspóir sin a bhaint amach trí uirlisí agus acmhainní airgeadais éifeachtacha; á iarraidh ar an gCoimisiún straitéis i gcoinne na bochtaineachta a thíolacadh gan mhoill ina mbeidh gealltanas tugtha chun deireadh a chur leis an mbochtaineacht san Eoraip faoi 2050; á chreidiúint gur cheart go n-áireofaí sa straitéis sin, i measc nithe eile, dul chun cinn sóisialta mar thosaíocht infheistíochta, lena dtugtar le fios nach mór don Chéad Ghlasú Eile, don chreat ilbhliantúil agus do bhuiséad an AE infheistíochtaí a thiomnú do chuspóirí sóisialta, go háirithe dul chun cinn sóisialta, a chomhfhreagraíonn d'infheistíochtaí uaillmhéine sna réimsí glasa agus digiteacha, agus gur cheart breathnú trasnach ar laghdú na bochtaineachta agus an neamhionannais i ngach caiteachas;

9. á chreidiúint gur cheart gnéithe reatha na solúbthachta maidir le rialacha fioscacha a chur i bhfeidhm a chur i bhfeidhm ar bhealach níos flaithiúla sa chleachtas, ionas nach ndéanfaidh laghdú fiachais dochar do spriocanna tábhachtacha eile, amhail lánfhostaíocht, seirbhísí poiblí ar ardchaighdeán agus cosaint aeráide; á mheas, sa chiall sin, gur cheart an RRF a chur ar bhonn buan chun a áirithiú go mbeidh ionstraim den sórt sin ar fáil arís i ngéarchéimeanna den chineál céanna agus gur féidir rochtain a fháil uirthi níos tapúla;

10. gur díol sásaimh di an togra ón gCoimisiún maidir le ciste don aeráid shóisialta chun aghaidh a thabhairt ar na hiarmhairtí sóisialta a bhaineann le claochlú ár sochaithe chun iad a dhéanamh neodrach ó thaobh na haeráide de; deimhin de nach mór dul i ngleic le tionchar sóisialta na mbeartas glas ar bhealach níos leithne, agus leagann sí béim ar a phráinní atá sé ionstraimí a ghlacadh lena gcuirfear ar chumas gach cuid den tsochaí leas a bhaint as buntáistí sochaí atá neodrach ó thaobh díobháil aeráide de agus daoine agus teaghlaigh a chosaint, go háirithe na daoine is leochailí ó thionchar an athraithe aeráide agus an truaillithe araon, agus lena gcoisctear iarmhairtí diúltacha sóisialta a d'fhéadfadh eascairt as cur chun feidhme ghníomhaíochtaí aeráide an Mhargaidh Eorpaigh Ghlais;

11. ag tacú le próiseas an tseimeastair níos daonlathaí; á chreidiúint go daingean gur gá an t-

athchóiriú ar rialachas eacnamaíoch a bheith fite fuaite leis an ngné shóisialta a neartú; á chreidiúint nach mór beartais chomhionannais inscne a dhaingniú agus a phríomhshruthú i ngach céim den rialachas eacnamaíoch;

12. á mheas gur gá tagairtí do na difreálacha pinsin idir na hinscní a chur san áireamh sa suirbhé bliantúil ar fhás inbhuanaitheachta (ASGS), mar a rinneadh i roinnt ASGSanna roimhe seo;

13. á iarraidh ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar chur chun feidhme Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas agus na straitéisí náisiúnta míchumais atá ann faoi láthair i bpróiseas an tSeimeastair; á mholadh do na Ballstáit agus don Choimisiún a mheas an dtugann bearta cosanta sóisialta agus míchumais, lena n-áirítear freisin sochair chosanta ioncaim, aghaidh leordhóthanach ar an mbochtaineacht;

14. ag leagan béim ar an ngá atá ann an t-ualach maorlathach agus an maorlathas a laghdú d'fhonn tacú le fás eacnamaíoch agus le hiomaíochas agus é a spreagadh agus, sa chomhthéacs sin, leagann sí béim ar chlár oibre an Choimisiúin maidir le Rialáil Níos Fearr; á iarraidh ar an gCoimisiún, i gcomhthéacs na moltaí a bhaineann go sonrach le tír faoi leith, athchóirithe a mholadh chun rómhaorlathas a laghdú agus rochtain ar mhaoiniú a éascú don réimse is leithne tairbhithe, lena n-áirítear gnólachtaí agus FBManna, eagraíochtaí neamhrialtasacha, fiontair an gheilleagair shóisialta, bardais agus saoránaigh; á chur in iúl go láidir go bhfuil ualaí iomarcacha riaracháin ar FBManna go háirithe;

15. ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 9 Nollaig 2021 dar teideal Building an economy that works for people: an action plan for the social economy [Geilleagar a thógáil a oibríonn do dhaoine: plean gníomhaíochta don gheilleagar sóisialta]'; á iarraidh ar an gCoimisiún bearta uaillmhianacha a chur chun cinn le haghaidh bunú agus forbairt comharchumann agus fhiontair an gheilleagair shóisialta a thabhairt cothrom le dáta, lena gcuirtear béim níos mó de réir a gcineáil ar dhálaí córa oibre agus ar chumhachtú oibrithe agus saoránach;

16. á chur i dtreis gur fhág géarchéim COVID-19 go leor daoine óga atá dífhostaithe nó atá i bhfostaíocht fhorbhásach cheana féin; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit comhrac i gcoinne na dífhostaíochta i measc na n-óg agus a áirithiú go bhfaighidh daoine óga an chéad taithí oibre atá leordhóthanach agus ar ardchaighdeán; á iarraidh ar an gCoimisiún rochtain a ráthú do dhaoine óga ar chúrsaí oiliúna agus printíseachtaí ar ardchaighdeán, agus cáineann sí intéirneachtaí neamhíoctha mar chineál dúshaothraithe d'oibrithe óga, agus sárú ar a gcearta; á iarraidh ar an gCoimisiún creat dlíthiúil a chur ar aghaidh le haghaidh intéirneachtaí, tréimhsí oiliúna agus printíseachtaí éifeachtacha;

17. á iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar ionstraimí Eorpacha reatha atá ann cheana amhail an Creat Ardchaighdeáin do Chúrsaí Oiliúna agus an Creat Eorpach do Phrintíseachtaí Ardchaighdeáin agus Éifeachtacha  agus chun critéir cháilíochta a chur san áireamh le haghaidh na dtairiscintí a dhéantar do dhaoine óga, lena n-áirítear prionsabal an luacha saothair chóir d'oiliúnaithe agus d'intéirnigh, rochtain ar chosaint shóisialta, fostaíochta inbhuanaithe agus cearta sóisialta;

18. á chur i bhfios go bhféadfadh cur isteach mór a bheith ann sa phróiseas chun poist

fholmha a nascadh le daoine gan post, agus go bhféadfadh ráta dífhostaíochta struchtúrtha níos airde a bheith mar thoradh ar an athdháileadh mall agus ar mhí-oiriúint scileanna; á thabhairt le fios gur gá go dtacódh beartais le hoibrithe chun post a fháil, rud a éilíonn cáilíochtaí difriúla ó na cáilíochtaí a bhí acu roimhe sin;

19. á chur in iúl go láidir go gcabhrófaí le héifeachtaí scanrúla na dífhostaíochta agus na neamhghníomhaíochta a chosc trí fheabhas a chur ar an bhfostaíocht agus ar dhálaí oibre na ngrúpaí is mó a ndéanann an paindéim difear dóibh; á chreidiúint gur ionstraimí riachtanacha chun an bhochtaineacht i measc lucht oibre a chomhrac iad na rátaí arda cómhargála agus aontasaithe, beartais ghníomhacha dhea-mhaoinithe maidir le margadh an tsaothair agus sochair shóisialta;

20. á chreidiúint gur ionstraim thábhachtach iad na rialacha maidir le trédhearcacht pá chun feasacht a mhúscailt maidir le hidirdhealú pá in aghaidh na mban, gur féidir leo an ceart chun faisnéise maidir le leibhéil phá de réir inscne a chruthú, ceangal a chur ar chuideachtaí faisnéis a thuairisciú maidir le fostaíocht agus pá de réir inscne, agus iad a dhreasú tabhairt faoi iniúchtaí pá inscne; á chur i bhfios go bhfuil tábhacht ar leith ag baint le pá comhionann as obair de bhearta ar luach comhionann i gcás tíortha áirithe ina bhfuil bearnaí móra pá tosaigh idir na hinscní go luath i ngairmeacha oibrithe;

***Geilleagar a chosnaíonn sláinte agus sábháilteacht oibrithe agus a chinntíonn dálaí maithe oibre ag an am céanna***

21. gur díol sásaimh di creat straitéiseach an Choimisiúin maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair 2021-2027, go háirithe, gur tugadh isteach cur chuige Físe Nialais maidir le tionóiscí agus galair a bhaineann leis an obair; á chur in iúl gur oth léi, áfach, nach gcomhfhreagraíonn leibhéal uaillmhéine na straitéise dá cuspóir don Fhís Nialais agus á iarraidh ar an gCoimisiún tograí a chur ar aghaidh a bheidh ag teacht leis an uaillmhian sin; á iarraidh go mbunófaí treochlár chun tionóiscí agus básanna ag an obair a laghdú, agus maoiniú leordhóthanach ó na Ballstáit agus cuideachtaí chun an t-aistriú i dtreo líon na mbasanna a laghdú go nialas a thabhairt chun críche; á chur i bhfáth nár cheart go mbeadh tearcthuairisciú tionóiscí agus galar a bhaineann leis an obair mar thoradh ar Fhís Nialais; á iarraidh ar an gCoimisiún gach gortú agus gach tionóisc chomh maith le meath coirp agus meabhrach a chumhdach sa chur chuige don Fhís Nialais; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an fócas ar straitéisí coisctheacha a mhéadú go suntasach, mar shampla trí chigireachtaí saothair, seirbhísí sláinte agus sábháilteachta náisiúnta agus idirphlé comhpháirtithe sóisialta a neartú chun a áirithiú go mbeidh an ceart ag gach fostaí, gan beann ar chineál nó ar mhéid a fhostóra, an leibhéal cosanta sláinte agus sábháilteachta is airde is féidir a fháil;

22. á chreidiúint go bhfuil gá le comhar láidir leis na comhpháirtithe sóisialta agus le gníomhaíocht reachtach i ndáil le roinnt gnéithe de bheartas AE a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht ag an obair chun na bearta boga atá pleanáilte dá bhforáiltear a chomhlánú chun an Fhís Nialais a bhaint amach; á iarraidh go ndíreofar go soiléir ar rannpháirtíocht oibrithe agus ar chomhairliúchán leis na comhpháirtithe sóisialta a neartú;

23. ag leagan béim ar theacht chun cinn rioscaí nua sábháilteachta agus sláinte ceirde mar gheall ar an dlús a chur leis an athrú aeráide agus ar an éifeacht a d’fhéadfadh a bheith

aige ar oibrithe, agus i ngeall ar dhul chun cinn teicneolaíoch amhail intleacht shaorga agus digitiú, a bhféadfadh dálaí oibre guaiseacha teacht as; ag tarraingt aird ar an rún uaithi an 20 Deireadh Fómhair 2021 le moltaí don Choimisiún maidir le hoibrithe a chosaint ar aispeist [15]agus is díol sásaimh di an dul chun cinn a rinneadh maidir leis an bpróiseas athbhreithnithe ar an Treoir maidir le Carcanaiginí agus Só-ghineacha (CMD4); á iarraidh ar an gCoimisiún gníomhaíochtaí reachtacha agus neamhreachtacha atá iomchuí agus comhréireach a dhéanamh chun máistreacht a fháil ar na rioscaí sin atá ag teacht chun cinn;

24. gur díol sásaimh di an ról lárnach atá ag creat straitéiseach nua an Aontais don tsláinte agus don tsábháilteacht ag an obair 2021-2027 chun ionaid oibre atá sláintiúil agus sábháilte a áirithiú, go háirithe maidir leis an athrú a thuar agus a bhainistiú i gcomhthéacs an athraithe ghlais, dhigitigh agus dhéimeagrafaigh; ag leagan béim ar a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar chosc tionóiscí agus galar a bhaineann leis an obair, deireadh a chur le básanna a bhaineann leis an obair agus an ullmhacht a mhéadú chun freagairt do ghéarchéimeanna sláinte atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo d'fhonn sláinte agus sábháilteacht oibrithe a choimeád agus, ar an gcaoi sin, táirgiúlacht agus iomaíochas a áirithiú; ag leagan béim ar an ngá atá le straitéisí a dhíriú ar aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le líon méadaitheach na n-oibrithe scothaosta agus na n-oibrithe atá faoi mhíchumas nó a bhfuil galair ainsealacha orthu; ag athdhearbhú go bhfuil strus, imní nó dúlagar i measc an dara grúpa is mó d'fhadhbanna sláinte a bhaineann leis an obair, a d'fhéadfadh cur go mór leis an riosca go mbeidh fadhbanna eile sláinte ann, lena n-áirítear neamhoird uathmhíonacha nó mhatánchnámharlaigh agus galair aermatacha nó ainsealacha;

25. á iarraidh ar an gCoimisiún treoir nua a mholadh maidir leis an meabhairshláinte chun iomadú rioscaí síceasóisialta ag an obair a chosc agus chun leas na n-oibrithe a áirithiú; á chreidiúint go bhfuil rialáil cheangailteach ríthábhachtach chun neamhoird mheabhracha amhail imní, dúlagar, dóchán agus strus iar-thrámach a chosc go héifeachtach, chomh maith lena n-aithint mar ghalair cheirde; á mheas gur cheart aghaidh a thabhairt ar na híoscheanglais maidir le cianobair sa treoir seo chun a áirithiú gur féidir le hoibrithe a gceart chun dícheangal a fheidhmiú; á chreidiúint gur cheart, leis an treoir seo, rialáil a dhéanamh ar úsáid uirlisí digiteacha reatha agus nua chun críocha oibre agus dálaí oibre teilea-oibrithe a shoiléiriú, nach mór a bheith comhionann leis na cinn atá ag oibrithe inchomparáide;

26. ag tabhairt dá haire gur leag paindéim COVID-19 béim ar na fadhbanna struchtúracha atá ann cheana san earnáil shóisialta, go háirithe i gcúram fadtéarmach, lena n-áirítear saincheisteanna amhail ganntanas foirne, drochdhálaí oibre, pá íseal agus glacadh íseal réiteach digiteach;

***Caibidil III***

27. den tuairim go bhfuil méadú ar chumhacht ceannaigh agus pá níos airde mar chuid thábhachtach den téarnamh eacnamaíoch, rud a spreagann éileamh comhiomlán intíre agus folláine na saoránach á háirithiú ag an am céanna; den tuairim go bhfuil an baol ann go n-ardóidh méaduithe pá sa bhliain atá le teacht faoi bhun an bhoilscithe go ginearálta, rud a laghdaíonn cumhacht ceannaigh na n-oibrithe; ag tabhairt rabhadh go

[15] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2021)0427.

bhféadfadh cumhacht ceannaigh pá marbhánta nó fiú dá mbeadh praghsanna fuinnimh, tithíochta agus bia ag ardú i gcónaí; á chreidiúint gur cheart teaghlaigh ar ioncam íseal a chosaint ar na héifeachtaí diúltacha a bhíonn ag ardú praghsanna ar sheirbhísí, ar earraí agus ar earraí bia bunúsacha; á chur in iúl go láidir gur cheart an méid sin a chomhcheangal le bearta chun cion na dteaghlach meánioncaim a mhéadú; á chreidiúint gur féidir le cómhargáil agus aontasú cumhacht a athchothromú idir grúpaí éagsúla sa tsochaí; ag leagan béim ar a thábhachtaí atá sé dul i ngleic leis an mbochtaineacht lucht oibre, leis an mbochtaineacht fuinnimh agus leis an dífhostaíocht fhadtéarmach; gur díol sásaimh di an togra ón gCoimisiún le haghaidh treoir maidir le pá cuibhiúil san Aontas Eorpach chun cabhrú le bochtaineacht i measc oibrithe a dhíothú agus cómhargáil a chur chun cinn;

28. á chur in iúl gur cúis imní di, in ainneoin na méaduithe pá íosta a tháinig le déanaí i roinnt mhaith Ballstát, go bhfuil an pá íosta reachtúil íseal go minic i gcomparáid le pá eile sa gheilleagar, agus go bhfuil go leor acu faoi bhun 60 % de phá airmheánach na tíre;

29. ag tabhairt dá haire go bhfuil 22.4 % de dhaonra an AE i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, agus gur leanaí iad 24.9 % díobh, gur mná iad 23.3 % díobh agus go bhfuil 18.2 % os cionn 65, agus go n-ardaíonn baol na bochtaineachta i measc daoine faoi mhíchumas go 34.6 %; á chur in iúl gur cúis mhór imní di go bhfuil an dífhostaíocht i measc daoine óga san Aontas os cionn 15 %; á chur in iúl go láidir go bhfuil cur chun feidhme na Ráthaíochta do Leanaí, na Ráthaíochta Athneartaithe don Aos Óg agus Straitéis an Aontais maidir le Cearta Míchumais níos tábhachtaí ná riamh le paindéim COVID 19; á iarraidh ar an gCoimisiún tacú leis na Ballstáit chun an bhochtaineacht a chomhrac, go háirithe i measc leanaí, ban agus daoine scothaosta, bochtaineacht lucht oibre agus easpa dídine mar fhíorchineálacha bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta;

30. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go bhfuil a dóthain tithíocht shóisialta atá leordhóthanach agus inacmhainne ann chun riachtanais tithíochta an phobail a chumhdach agus chun an ráta ró-ualaithe ar chostas tithíochta a laghdú; á iarraidh, ina leith sin, go ndéanfar athchóiriú ar an gcreat rialachais eacnamaíoch chun go mbeidh na Ballstáit in ann na hinfheistíochtaí poiblí glasa agus sóisialta is gá a dhéanamh, lena n-áirítear iadsan a bhaineann le tithíocht shóisialta, phoiblí, inacmhainne agus tíosach ar fhuinneamh a fhorbairt agus a fheabhsú; á chur i bhfios go láidir go bhfuil an easpa dídine ar cheann de na cineálacha is measa den eisiamh sóisialta; á chur in iúl gur díol sásaimh di gur seoladh an Ardáin Eorpaigh chun an Easpa Dídine a Chomhrac agus an cuspóir bunaidh atá aige deireadh a chur leis an easpa dídine faoi 2030; á iarraidh ar na Ballstáit straitéisí náisiúnta uaillmhianacha a ghlacadh a mbeidh cistiú leordhóthanach AE agus cistiú leordhóthanach náisiúnta ag gabháil leo, bunaithe ar an bprionsabal 'tús áite don tithíocht', chun cosc a chur ar easpa dídine agus chun rochtain ar thithíocht leormhaith, shábháilte agus inacmhainne a chur ar fáil;

31. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain ag gach duine ar thithíocht chuibhiúil trí phleananna tithíochta náisiúnta inacmhainne a áirítear i gcláir náisiúnta um athchóiriú;

32. á chur in iúl gur geal léi an aird ar easpa dídine LGBTIQ, go háirithe easpa dídine daoine óga LGBTIQ, sa Straitéis maidir le Comhionannas LGBTIQ; á iarraidh ar an gCoimisiún dul i ngleic le fadhb na heaspa dídine LGBTIQ in éineacht leis na Ballstáit;

33. á mheas go bhfuil seirbhísí sóisialta ardcháilíochta, leordhóthanacha, inrochtana agus inacmhainne ina réamhriachtanas chun téarnamh a dhéanamh ó phaindéim COVID-19 agus chun EPSR a chur chun feidhme go rathúil, go háirithe chun an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta de gach cineál a laghdú;

34. ag tabhairt dá haire nach mbainfear amach an phríomhsprioc laghdú 15 milliún a dhéanamh ar líon na ndaoine atá i mbochtaineacht gan aghaidh a thabhairt ar na daoine is leochailí; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit bealaí spriocdhírithe a fhorbairt chun tacú le daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach agus gan dídean, chomh maith le daoine a bhfuil an iliomad bacainní agus cineálacha idirdhealaithe os a gcomhair;

35. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit rochtain uilíoch ar oideachas poiblí saor in aisce san Aontas a ráthú do leanaí suas go dtí trí bliana d’aois, rud a chuirfeadh le deiseanna comhionanna don chéad ghlúin eile chomh maith le rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair a mhéadú; ag leagan béim ar a thábhachtaí atá sé an Treoir maidir le Cothromaíocht Oibre is Saoil a thrasuí d‘fhonn rochtain chomhionann agus úsáid chothrom ar shocruithe saoire a chur ar fáil d’fhir agus do mhná, rud a chuirfidh ar chumas tuismitheoirí a bhfuil leanaí nó oibrithe a bhfuil gaolta cleithiúnacha acu cothromaíocht níos fearr a bhaint amach idir freagrachtaí cúraim agus gairmiúla;

36. ag tabhairt dá haire gurb iad teaghlaigh, leanaí agus grúpaí leochaileacha is mó atá thíos le paindéim COVID-19; á chur i bhfáth nach mór go mbeidh bochtaineacht leanaí a dhíothú agus folláine agus comhdheiseanna do leanaí a áirithiú ar cheann de na tosaíochtaí is mó atá ag an Eoraip; á iarraidh ar an gCoimisiún obair a dhéanamh chun an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí a chur chun feidhme go práinneach agus buiséad tiomnaithe EUR 20 billiún a áirithiú agus an cúram sin a chomhlíonadh sa tréimhse 2021-2027 chun an bhochtaineacht i gcás gach linbh agus a dteaghlach a chomhrac, gan srianta; á chur i bhfios go láidir gur cheart go mbeadh an togra atá le teacht le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le hioncam íosta chun cur leis an sprioc maidir leis an mbochtaineacht a laghdú ag gabháil leis sin; á chur in iúl go láidir gurb é is aidhm don Ráthaíocht Eorpach do Leanaí tacú le beartais náisiúnta chun eisiamh sóisialta a chosc agus a chomhrac trí rochtain ar phríomhsheirbhísí a ráthú do gach leanbh atá i ngátar, lena n-áirítear leanaí náisiúnta tríú tír beag beann ar a stádas imirce; á chreidiúint nach mór an Ráthaíocht Leanaí a leathnú chun scéimeanna náisiúnta sochar linbh a chomhlánú; á iarraidh ar na Ballstáit úsáid a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil faoi, inter alia, RRF agus Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) chun a áirithiú go ndéanfar eisiamh sóisialta agus bochtaineacht i measc leanaí atá i ngátar a chosc agus a chomhrac leis an Ráthaíocht do Leanaí agus comhdheiseanna a chur chun cinn; á iarraidh ar an gCoimisiún, tuilleadh faireacháin a dhéanamh ar dhul chun cinn sa réimse sin;

37. á mheabhrú gurb iad na daoine óga is mó atá buailte ag an bpaindéim, ós rud é go bhfuil siad ró-ionadaithe sna hearnálacha is mó a bhfuil srianta paindéime ag dul i bhfeidhm orthu agus gur dóichí go mbeidh siad ag obair ar chonarthaí sealadacha nó páirtaimseartha, agus gur dócha go mbeidh siad neamhdhaingean i gcomparáid le grúpaí

eile, agus go bhfuil tionchar díréireach acu ar a sástacht saoil agus ar a bhfolláine intinne, agus tá dhá thrian de na daoine óga sin i mbaol dúlagair[16]; á iarraidh go mbeadh Ionstraim neartaithe maidir leis an Ráthaíocht don Aos Óg agus scéimeanna náisiúnta uasdátaithe ann a mbeidh sé mar chuspóir aici an dífhostaíocht fhadtéarmach agus an dífhostaíocht i measc na hóige a laghdú faoi 50 % ar a laghad faoi 2030, lena n-áirítear na critéir maidir le cruthú post ar ardchaighdeán i gcomhréir le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 8 de Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe; á chreidiúint gur mithid an Ráthaíocht don Aos Óg a bheith ceangailteach ar na Ballstáit uile agus a bheith cuimsitheach araon, lena n-áirítear bearta gníomhacha for-rochtana i dtreo NEETanna fadtéarmacha agus daoine óga a bhfuil cúlraí socheacnamaíocha faoi mhíbhuntáiste acu, amhail daoine óga faoi mhíchumas agus daoine óga Romhacha;

38. á chur i bhfios go láidir gur gá do na Ballstáit leanúint d'acmhainní leordhóthanacha ó CSE+ a infheistiú i mbearta a thacaíonn le gníomhaíochtaí spriocdhírithe agus athchóirithe struchtúracha le haghaidh fostaíocht ardcháilíochta don aos óg, gairmoideachas agus gairmoiliúint, go háirithe printíseachtaí agus scileanna fiontraíochta; á chur i bhfios, ina theannta sin, nach mór do na Ballstáit athchóirithe agus infheistíochtaí a áireamh sa chéad ghlúin eile, do leanaí agus don óige i gcomhréir le cuspóirí na Ráthaíochta do Leanaí agus na Ráthaíochta don Aos Óg ionas gur féidir leo rochtain a fháil ar mhaoiniú faoin RRF; á iarraidh ar an gCoimisiún dlúthfhaireachán a dhéanamh ar infheistíocht na mBallstát sa réimse sin trí thimthriall an tSeimeastair agus trí na cláir athchóirithe náisiúnta faoi RRF;

39. á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna struchtúracha is cúis le bochtaineacht leanaí agus eisiamh sóisialta trí ardleibhéil fostaíochta agus cuimsithe shóisialta a chur chun cinn, lena n-áirítear i measc grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste; á chur i bhfáth gur gá comhionannas inscne, an neamh-idirdhealú agus comhionannas sóisialta a áirithiú i gcaidrimh fostaíochta; á chur in iúl go láidir gur bunchloch thábhachtach é sin chun go mbeidh geilleagar inbhuanaithe agus rathúil ann agus go mbeidh daonlathas láidir ann;

40. á chur i bhfios go bhfuil gach leanbh i dteideal chearta an duine agus timpeallacht shábháilte mar dhálaí riachtanacha chun luathfhágáil na scoile a chosc, chun a meabhairshláinte a chosaint agus chun páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí agus i margadh an tsaothair; á chur in iúl gurb oth léi, maidir leis sin, gur minic leanaí LGBTI ina n-íospartaigh bulaíochta agus foréigin i scoileanna agus go bhfuil tionchar tromchúiseach aige sin ar a bhfolláine; á chreidiúint gur cheart go mbeadh beartais frithbhulaíochta, chomh maith le rochtain leanaí ar fhaisnéis maidir le gnéaschlaonadh agus féiniúlacht inscne, mar chuid lárnach de na córais oideachais;

41. ag leagan béim ar an ngá atá leis na moltaí tír-shonracha sa Seimeastar Eorpach chun infheistíocht a dhéanamh i liúntais leordhóthanacha míchumais atá ag teacht le cineálacha eile ioncaim d'fhonn baol na bochtaineachta a laghdú do dhaoine faoi mhíchumas;

42. ag leagan béim ar an ngá atá le hinfheistíocht shóisialta chinntitheach agus éifeachtach ar an leibhéal Eorpach, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach chun na

[16] https://www.eurofound.europa.eu/sites/default/files/ef_publication/field_ef_document/ef20036en.pdf

seirbhísí sóisialta a neartú;

43. á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh na scileanna cearta ag gach duine inár sochaí chun post a fháil agus chun a mbuanna a fhorbairt, go háirithe an ghlúin óg; ag leagan béim ar an ngá atá ann cláir oideachais an AE a neartú agus an t-oideachas agus an oiliúint a ailíniú le riachtanais an gheilleagair agus na sochaí sa todhchaí; ba cheart d'oibrithe, do mhúinteoirí agus d'oiliúnóirí na scileanna cearta san oiliúint a shainaithint, tacú leo agus iad a chur chun cinn; á chreidiúint go bhfuil infheistíocht sa bhonneagar digiteach dosheachanta; á chur in iúl go bhfuil sí suite de go gcuireann bacainní amhail ganntanais saothair bac ar an bhfás eacnamaíoch; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit pacáiste cuimsitheach beart a chur chun feidhme gan mhoill chun dul i ngleic le ganntanas lucht saothair, lena ndíreofar ar phá maireachtála, ar dhálaí oibre a fheabhsú, ar shoghluaisteacht an lucht saothair a neartú san Aontas, ar lánpháirtiú imirceach i margadh an tsaothair a éascú agus ar rochtain ar mhaoiniú a éascú do FBManna; á iarraidh go neartófaí an Creat Eorpach um Cháilíochtaí chun aitheantas iomchuí a thabhairt d'inniúlachtaí agus do cháilíochtaí a fuarthas lasmuigh de theorainneacha na hEorpa; á iarraidh ar na Ballstáit na hinniúlachtaí, na buanna agus an saineolas atá ag daoine ó thríú tíortha, idir fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, atá ann cheana a aithint, a bhailíochtú agus a dheimhniú; á chur i bhfios go láidir gur gá rochtain ar oideachas foirmiúil, neamhfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil agus ar oiliúint ar feadh an tsaoil, ar oiliúint ardcháilíochta a ráthú;

44. ag leagan béim ar a thábhachtaí atá seirbhísí fostaíochta poiblí atá acmhainní go maith; á chreidiúint gur cheart do sheirbhísí poiblí fostaíochta measúnú aonair tacaíochta agus riachtanas a chur ar fáil do chuardaitheoirí poist faoi mhíchumas, do chuardaitheoirí poist níos sine agus do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach;

45. á chreidiúint gur cheart díriú ar cháilíocht agus ar mhaoiniú, chomh maith le dálaí oibre sa chúram duinelárnach, fadtéarmach, lena n-áirítear cúram sóisialta agus tacaíocht, sna moltaí a dhéanfar amach anseo maidir leis an Seimeastar Eorpach; á mheabhrú do na Ballstáit Dearbhú Astana na bliana 2018 agus a dtiomantas cúram sláinte príomhúil a neartú chun cúram pobalbhunaithe atá cothrom, inrochtana, sábháilte agus inacmhainne a sholáthar do dhaoine scothaosta;

46. á chur in iúl gur cúis mhór imní di an tionchar atá ag an bpaindéim ar mheabhairshláinte na n-oibrithe agus na sochaí i gcoitinne; á iarraidh ar an gCoimisiún moltaí a chur ar aghaidh go córasach chun na córais chúraim mheabhairshláinte a neartú;

47. á mheas nár cheart go gcaillfeadh moltaí maidir le beartas fostaíochta dífhostaíocht fhadtéarmach agus neamhghníomhaíocht, go háirithe i measc daoine scothaosta; gur díol sásaimh di na moltaí a rinneadh roimhe seo a díríodh ar roinnt Ballstát ina dtagraítear don ghá atá le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras maidir le dreasachtaí fruilithe chun fostaíocht le haghaidh daoine óga a chur chun cinn; á iarraidh ar an gCoimisiún, i ndáil leis an méid sin, iad a leathnú chuig cuardaitheoirí poist níos sine;

48. ag leagan béim ar na hiarmhairtí an-dochracha agus éagsúla atá ag foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe ó thaobh na sláinte de, a bhfuil sé léirithe go bhféadfadh iarmhairtí tromchúiseacha fisiciúla agus meabhairshláinte a bheith mar thoradh orthu; á iarraidh, dá bhrí sin, go mbeidh cosaint chuí agus acmhainní leormhaithe ann

d'íospartaigh an fhoréigin gnéis agus inscnebhunaithe, agus go mbeidh níos mó acmhainní ann agus go ndéanfar gníomhaíocht éifeachtach chun na críche sin;

*Caibidil IV*

49. á chur in iúl gur cúis imní di ganntanais dhomhanda go leor earraí, mar gheall, i bpáirt, ar an gcur isteach a tháinig as an bpaindéim; á iarraidh ar an gCoimisiún ganntanais a shainaithint i suíomhanna straitéiseacha táirgthe agus straitéisí a chur i láthair chun féindhóthanacht AE i dtionscail chriticiúla a neartú agus foinsí a éagsúlú d'fhonn spleáchas AE ar thríú tíortha neamhdhaonlathacha a laghdú; á iarraidh go neartófaí an ghné shóisialta agus inbhuanaithe ó thaobh an gheilleagair den straitéis thionsclaíoch, ag díriú go háirithe ar an bhfostaíocht ar ardcháilíocht agus ar shlabhraí luacha straitéiseacha san Aontas, agus go ndéanfaí na ceanglais rialála is gá a oiriúnú nó a thabhairt isteach i ndáil leis sin chun acmhainn tionsclaíoch Eorpach inbhuanaithe láidir a áirithiú agus chun tacaíocht airgeadais choinníollach leordhóthanach a chur ar fáil; ag tacú le beartas tionsclaíoch uaillmhianach agus comhleanúnach a mbeidh baint ag na comhpháirtithe sóisialta leis d'fhonn an fíorgheilleagar a neartú agus tionscail agus seirbhísí iomaíocha agus inbhuanaithe a chur chun cinn; á iarraidh ar an gCoimisiún treoir réime nua a bhunú maidir le faisnéis, comhairliúchán agus rannpháirtíocht oibrithe do na híoschaighdeáin Eorpacha, lena n-áirítear maidir le hathrú a thuar; á iarraidh freisin go ndéanfaí athbhreithniú ar an Treoir ón gComhairle Oibreacha Eorpacha (EWC) chun an ceart atá ag ionadaithe oibrithe chun faisnéise agus comhairliúcháin a neartú, go háirithe i bpróisis athstruchtúraithe; á chreidiúint go n-éilíonn bonn tionsclaíoch láidir cothrom iomaíochta le dreasachtaí láidre don nuálaíocht, ardchaighdeáin chomhshaoil agus dálaí maithe oibre; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá páirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta bhforbairt sochaithe cuimsitheacha;

50. á iarraidh ar an gCoimisiún feabhas a chur ar chumas tionsclaíoch agus táirgeachta na hEorpa d'fhonn spleáchais a laghdú; ag leagan béim ar a thábhachtaí atá sé ceannasacht theicneolaíoch a fhorbairt agus luach Eorpach agus poist Eorpacha a chruthú i réimsí straitéiseacha tionsclaíocha; ag leagan béim ar an tábhacht a bhaineann le neamhspleáchas straitéiseach AE agus le teacht aniar a shlabhra soláthair;

51. á mheas go bhfuil rannpháirtíocht oibrithe in ábhair a bhaineann le cuideachta ríthábhachtach chun rialachas corparáideach inbhuanaithe a áirithiú agus chun ganntanas earraí straitéiseacha agus dí-athshuí na táirgeachta a chosc; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit na coinníollacha agus na ceanglais is gá a bhunú chun go gcumhdófar ar a laghad 80 % de chorparáidí faoi chomhaontuithe rialachais chorparáidigh inbhuanaithe faoi 2030, chun straitéisí a bhunú a bheidh comhaontaithe le hoibrithe a bheidh tionchar dearfach acu ar an bhforbairt eacnamaíoch, shóisialta agus comhshaoil trí chleachtais rialachais agus láithreacht sa mhargadh, cuntasacht stiúrthóirí a fheabhsú maidir leis an inbhuanaitheacht a chomhtháthú sa chinnteoireacht chorparáideach, agus cleachtais rialachais chorparáidigh a chuireann le hinbhuanaitheacht cuideachtaí a chur chun cinn, ag tagairt inter alia do thuairisciú corparáideach, luach saothair boird, difríocht uasta an chóimheasa pá, comhdhéanamh boird agus rannpháirtíocht geallsealbhóirí;

52. á iarraidh go mbeadh treoir cheangailteach ann maidir le cearta an duine, dícheall cuí

agus iompar freagrach gnó, lena n-áirítear cearta oibrithe amhail an ceart comhlachais, an ceart chun cómhargála, an ceart chun sláinte agus sábháilteachta, agus cosanta sóisialta agus dálaí maithe oibre, lena mbunaítear dícheall cuí éigeantach lena gcumhdaítear gníomhaíochtaí cuideachtaí agus a gcaidreamh gnó, lena n-áirítear slabhraí soláthair agus fochonraitheoireachta; á chur i bhfáth gur cheart, leis an treoir seo, rannpháirtíocht iomlán na gceardchumann agus ionadaithe na n-oibrithe a áirithiú i bpróiseas iomlán an dícheall chuí, agus gur cheart go n-áiritheofaí léi an ceart chun teacht ar chomhaontú comhchoiteann ar na leibhéil ábhartha maidir le beartais an dícheall chuí; á chur i bhfios go láidir nach mór do chigireachtaí náisiúnta an tsaothair agus don Údarás Eorpach Saothair a bheith in ann cigireachtaí comhpháirteacha a dhéanamh ar fud an tslabhra, gearáin a dhéanamh, agus tacaíocht a thabhairt maidir le comhlíonadh le haghaidh gach cuideachta agus gach cuideachta de chuid an Aontais ar mian leo rochtain a fháil ar an margadh inmheánach; á iarraidh ar an gCoimisiún a áitiú go ndaingneoidh comhpháirtithe trádála uile an Aontais Coinbhinsiúin EIS 81 (cigireacht saothair) agus 129 (cigireacht saothair in earnáil na talmhaíochta);

53. á iarraidh ar an gCoimisiún obair a dhéanamh chun teacht aniar eacnamaíoch a bhaint amach, infheistíocht phoiblí in earnálacha straitéiseacha agus i gcórais leasa shóisialta a chur chun cinn, fiontraíocht agus FBManna a chosaint, agus dul chun cinn sóisialta san Aontas a áirithiú trí phoist dhea-íoctha; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit athléimneacht, iomaíochas agus ullmhacht an gheilleagair a mhéadú maidir le géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo, d’fhonn timpeallacht a chruthú a bheidh fabhrach do ghnó agus a chuideoidh le hinfheistíocht agus le fiontraithe a mhealladh, agus chun a áirithiú go mbeidh AE cothrom agus sóisialta ag a mbeidh poist a fhágfaidh go mbeidh saol maith ann, gan aon duine a fhágáil ar lár, agus coimhdeacht na mBallstát á hurramú ag an am céanna; á iarraidh ar na Ballstáit an t-ualach riaracháin ar ghnólachtaí a laghdú agus béim ar leith á leagan ar FBManna, arb iad cnámh droma gheilleagar na hEorpa iad;

54. á iarraidh ar an gCoimisiún a áireamh ina mholtaí iarraidh ar na Ballstáit go léir infheistíocht a dhéanamh sa gheilleagar sóisialta agus sa gheilleagar ciorclach, ní hamháin mar gheall ar a n-acmhainneacht chun poist a chruthú, ach freisin mar chumasóirí do théarnamh eacnamaíoch cuimsitheach agus don aistriú glas;

55. á chur i bhfáth go bhfuil gá le haghaidh a thabhairt ar bhearnaí i scileanna agus ar ghanntanais scileanna san AE d’fhonn deireadh a chur le scrogaill i margadh an tsaothair; ag tabhairt dá haire go gcuireann roinnt de na bearnaí sin bac ar tháirgiúlacht agus ar fhás eacnamaíoch agus go ndíspreagann siad oibrithe ó dhul isteach i margadh an tsaothair; á chur i bhfáth go bhfuil gá le hoiliúint, oideachas foirmiúil agus neamhfhoirmiúil a chlaochlú agus a nuachóiriú, chomh maith le gairmthreoir, sealbhú scileanna digiteacha agus oideachas a fheabhsú, agus gairmoiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn; á chur in iúl an imní atá uirthi faoin ngá atá le feabhas a chur ar scileanna digiteacha san Aontas i gcomhréir le riachtanais na margaí saothair a bheidh ann amach anseo, mar a léirítear, inter alia, sa easpa gairmithe TF; ag leagan béim ar an tábhacht a bhaineann le bunscileanna digiteacha don chuimsiú sóisialta, lena n-áirítear do dhaoine scothaosta agus do dhaoine a bhfuil cónaí orthu i gceantair iargúlta; ag leagan béim ar a thábhachtaí atá sé díriú ar an ngairmoideachas agus ar an ngairmoiliúint agus infheistiú sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint i gcomhthéacs an aistrithe dhúbailte dhigitigh agus ghlais, ar gach leibhéal oideachais, athoiliúna agus

uasoiliúna agus leanúint den fhoghlaim ar feadh an tsaoil, agus béim ar leith á leagan ar scileanna STEM do chailíní agus do mhná; á mheabhrú sa chomhthéacs sin gur gá rochtain chomhionann ar oiliúint a chur ar fáil do gach oibrí; á éileamh go mbeadH córais foghlama AE níos aonfhoirmí agus go dtabharfaí aitheantas níos forleithne do cháilíochtaí; ag leagan béim ar an ngá atá ann timpeallacht ghreamaithe a chruthú d'institiúidí oideachais agus ardoideachais, d'ionaid ghairmoiliúna agus d'fhostóirí a oibríonn le chéile chun riachtanais mhargadh an tsaothair amach anseo a thuar agus chun freastal orthu; á chur i bhfios go láidir, i bhfianaise laghdú ar an daonra atá in aois oibre, go bhfuil bearta riachtanach chun níos mó daoine a thabhairt isteach i margadh an tsaothair; á mheas go bhféadfadh tionchar dearfach a bheith ag lánpháirtiú imirceach i margadh an tsaothair ar sholáthar saothair, go bhféadfaí ganntanas saothair a laghdú agus rátaí fostaíochta níos airde a chur chun cinn; á mheas gur gá an méid sin a chomhcheangal le bearta eile; ag leagan béim ar a thábhachtaí atá sé saol oibre níos sláintiúla a chumasú, dálaí oibre a fheabhsú agus margaí saothair a chur in oiriúint níos fearr do riachtanais athraitheacha na n-oibrithe i gcaitheamh a saoil;

56. á iarraidh ar an gCoimisiún tús áite a thabhairt d'athchóiriú agus d'infheistíocht an chúraim fhadtéarmaigh i bpróiseas an tSeimeastair Eorpaigh agus do na riachtanais do chúram fadtéarmach atá ar ardchaighdeán, inrochtana, inacmhainne agus leordhóthanach, ag díriú ar sheirbhísí cúraim pobalbhunaithe, duinelárnaithe agus cumhachtaithe, ar seirbhísí iad lena bhfreastalaítear ar riachtanais daoine agus a bhfuil rochtain ag daoine ar ioncam íseal orthu; ag tabhairt dá haire gur deis í an infheistíocht i gcúram fadtéarmach chun poist a chruthú; ag leagan béim ar a thábhachtaí atá sé aird a thabhairt ar phoist ar ardchaighdeán a chruthú lena ngabhann pá agus dálaí oibre cuibhiúla;

57. á chur in iúl go láidir go bhfuil infheistíocht i nglacadh na n-ardteicneolaíochtaí digiteacha agus sa taighde agus sa nuálaíocht ríthábhachtach do bheartais eacnamaíocha amach anseo chun an t-aistriú digiteach a bhainistiú; ag áitiú ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar an mbearna san infheistíocht dhigiteach san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon, ag díriú go háirithe ar FBManna;

*Caibidil V*

58. á chur in iúl go láidir nach mór dúinn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus ar na deiseanna a thagann chun cinn d'fhonn ár spriocanna a bhaint amach, d'fhonn aistriú cothrom a áirithiú; á chreidiúint nach mór an t-aistriú chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh carbóin de a bheith cothrom, a mbeidh cothroime shóisialta mar shaintréithe aige agus nach bhfágfaidh sé oibrithe ná pobail áitiúla ar gcúl; á chur in iúl go láidir gur cheart poist a chosaint agus dálaí oibre a fheabhsú, bunaithe ar gheilleagar margaidh sóisialta le taighde agus nuálaíocht láidir i dteicneolaíochtaí nua; á chreidiúint gur cheart go mbeadh aistriú glas agus digiteach cothrom agus cuimsitheach agus go mbeadh Eoraip níos inbhuanaithe agus níos iomaíche mar thoradh air, ina mbeidh dínit agus deiseanna ag oibrithe chun borradh a chur fúthu; ag tabhairt dá haire go bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh méadú ar an infheistíocht phoiblí in 2021 agus in 2022 i gcomparáid le figiúirí 2019, de réir Réamhaisnéis Eacnamaíoch an Earraigh 2021 ón gCoimisiún;

59. ag aontú leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS) sa sainmhíniú atá aici ar an

aistriú cóir chuig an bhforbairt inbhuanaithe mar chur chuige atá dírithe ar an duine i leith na hoibre a bheidh ann amach anseo lena ndéanfar geilleagair agus sochaithe a athrú ó bhonn, lena mbaintear an leas is mó is féidir as deiseanna chun obair chuibhiúil a dhéanamh do chách, lena laghdaítear neamhionannais, lena gcuirtear an ceartas sóisialta chun cinn agus lena dtacaítear le tionscail, le hoibrithe agus le pobail;

60. á mheabhrú go bhfuil ról ríthábhachtach ag comhpháirtithe sóisialta Eorpacha, náisiúnta agus earnála maidir leis an athrú a thuar; ag leagan béim ar an ngá atá ann go mbeadh na ceardchumainn agus ionadaithe na n-oibrithe rannpháirteach go dlúth i ngach leibhéal cinnteoireachta chun aistrithe éifeachtúla agus cothroma a áirithiú; ag leagan béim ar an ról ríthábhachtach atá ag cómhargáil chun na caighdeáin sláinte agus sábháilteachta ceirde is airde, forbairt scileanna ábhartha agus réamhaíocht straitéiseach an athraithe a áirithiú; á chur i bhfáth go ráthaítear le cearta daonna Eorpacha agus idirnáisiúnta go bhfuil sé de cheart ag na hoibrithe ar fad eagrú, ceardchumann a bhunú agus dul i bpáirt leis, dul i mbun cómhargála, gníomhaíocht chomhchoiteann a dhéanamh chun a gcearta a chosaint agus cosaint faoi chomhaontuithe comhchoiteanna a theachtadh, gan beann ar a stádas fostaíochta; á iarraidh ar na Ballstáit deireadh a chur le haon reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear bac ar chómhargáil, lena n-áirítear trína áirithiú go bhfuil rochtain ag ceardchumainn ar ionaid oibre chun críoch eagraithe, comhroinnte faisnéise agus comhairliúcháin, trí ionadaíocht na n-oibrithe a neartú;

61. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tacú le tionscnaimh lena ndírítear ar neamhionannais a laghdú agus dálaí oibre cuibhiúla a chosaint do chách; ag leagan béim sa teilea-obair ar an gceart chun scaradh ón obair, ó dhea-bhail shíceolaíoch ag an obair agus ó shláinte agus sábháilteacht ag an obair; á iarraidh go mbeadh poist luacha ann d’oibrithe agus, dá bhrí sin, go neartófaí ról na gcomhpháirtithe sóisialta agus an chómhargála; á chur in iúl gur díol sásaimh di an togra ón gCoimisiún le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dálaí oibre a fheabhsú d’oibrithe ardáin agus iarrann sí go nglacfaí go pras é; á chur in iúl gur díol sásaimh di gur tugadh isteach toimhde infhrisnéise maidir le caidreamh fostaíochta bunaithe ar phrionsabail thosaíochta na bhfíoras faoin Treoir seo do na daoine go léir atá ag obair d’ardáin saothair dhigiteacha; á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach cothrom iomaíochta a áirithiú agus go bhfuil ardáin faoi réir na rialacha céanna maidir leis an margadh saothair agus atá ag cuideachtaí traidisiúnta; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go n-úsáidfidh ardáin dhigiteacha algartaim thrédhearcacha, neamh-idirdhealaitheacha agus eiticiúla; ag leagan béim ar an tábhacht a bhaineann le caidreamh saothair agus dínit an duine san ionad oibre agus measann sí go bhfuil sé ríthábhachtach go ndéanfaidh maoirseoirí daonna bainistiú algartamach agus go mbeadh a gcinntí cuntasach, indúshrianta agus, i gcás inarb iomchuí, inchúlaithe;

62. á iarraidh ar na Ballstáit forfheidhmiú a neartú agus cleachtais gníomhaireachtaí oibre sealadacha bradacha a chomhrac; á iarraidh ar an gCoimisiún deimhniú a dhéanamh éigeantach don soláthar poiblí ar fud AE agus clár sóisialta a bhunú chun na críche sin; á mheabhrú an ról a d’fhéadfadh a bheith ag soláthar poiblí atá freagrach go sóisialta chun deiseanna fostaíochta a chruthú, obair chuibhiúil, cuimsiú sóisialta agus gairmiúil agus dálaí níos fearr do ghrúpaí leochaileacha; á chur in iúl go láidir gur cheart do na Ballstáit athchóirithe a mhaoiniú sa réimse sin, lena n-áirítear trí RRF, d‘fhonn rialacha soláthair a dhéanamh níos dinimiciúla agus níos trédhearcaí, chun cuspóirí sóisialta agus cuspóirí mhargadh an tsaothair a chur san áireamh agus, go háirithe, chun rochtain

ar sholáthar poiblí a chur chun cinn d’fhiontair an gheilleagair shóisialta, i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Sóisialta;

°

° °

63. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

I bhfianaise staid eacnamaíoch na hEorpa agus iarmhairtí phaindéim COVID 19, tá tábhacht ar leith ag baint leis an tuarascáil seo ó thaobh luach na n-ábhar inti. Dá bhrí sin, tá sé an-tábhachtach don rapóirtéir go dtacaíonn na grúpaí polaitiúla go léir leis an tuarascáil seo agus go n-éiríonn léi pobal níos mó a bhaint amach.

Dá bhrí sin, tá an tuarascáil seo éagsúil leis na tuarascálacha a bhí ann roimhe seo i dtaobh a shuntasaí atá sí, a cuspóirí agus a shoiléire atá sí. Ní hamháin go bhfuil tionchar ollmhór ag COVID-19 ar mhargaí na hEorpa agus an domhain, ach tá tionchar ollmhór ag an ngéarchéim aeráide, ag an intleacht shaorga agus ag míchothromaíocht atá ag dul i méid idir na rialacháin shóisialta agus an geilleagar margaidh, a bhfuil sásraí an-diúltach ag gabháil leo.

Agus é á chur san áireamh go ndeachaigh an Eoraip agus a margaí faoi phróiseas forbartha ar leibhéil éagsúla – próiseas nach mór leanúint ar aghaidh leis – tá an tuarascáil seo mar bhonn le diúltú do thionscnamh an Fhóraim Eacnamaíoch Dhomhanda, ‘An tAthshocrú Mór’, mar a thugtar air, atá dírithe ar an ngeilleagar agus an tsochaí dhomhanda a athmhunlú i ndiaidh phaindéim COVID-19.

Glacann an Rapóirtéir leis go bhfuil a lán tuarascálacha eile ann a bhaineann leis an ábhar ar tuarascálacha ildisciplíneacha iad ina gcur chuige. Cuireann sé i dtábhacht go bhfuil an tuarascáil seo comhlántach ar a lán leibhéal, go gcaithfear an Comhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis a urramú agus nach mór solúbthacht bhuiséadach na mBallstát aonair a chaomhnú, ag cloí le prionsabal na coimhdeachta agus le héagsúlacht na hEorpa. Tá ráitis nithiúla sa tuarascáil seo a bhfuil tábhacht lárnach ag baint leo do gheilleagar Eorpach a bheidh inmharthana, athléimneach agus inbhuanaithe.

I gCaibidil I, iarrtar go mbeidh tuilleadh béime agus cistiúcháin ann i dtaobh fás eacnamaíoch inbhuanaithe. Ós rud é go bhfuil cistí rialtais i mbuiséad poiblí na hEorpa folamh, ní mór dúinn bealaí cistiúcháin nua agus níos fearr a aimsiú.

Ní leor na cláir eacnamaíocha agus na cistí a fhorchuirtear go dtí seo chun téarnamh eacnamaíoch inmharthana, inbhuanaithe agus marthanach a bhaint amach mar aon le margaí láidre atá níos mó in ann géarchéimeanna a sheasamh. Ní mór é a bheith mar sprioc ag an bhfás eacnamaíoch inbhuanaithe a áirithiú go bhféadfaimid teacht slán as géarchéimeanna amach anseo ar an mbealach is fearr is féidir, margaí a dhaingniú agus bonneagair a leathnú, agus tionchar atá neamhdhíobhálach don aeráid a áirithiú ag an am céanna.

Ceapadh an córas ‘srianadh bannaí’ chun na críche sin. Molann an Rapóirtéir go ndéanfadh an Coimisiún athbhreithniú ar an gcóras sin agus é a thabhairt isteach dá réir.

Agus an córas á mhíniú, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil an rapóirtéir i gcoinne buiséad don limistéar euro ina mbeidh ranníocaíochtaí níos airde ballraíochta agus i gcoinne comhphobalú an fhiachais cheannasaigh i gcoitinne trí Eurobhannaí. Measann an rapóirtéir gur beart ciallmhar é an cur chuige maidir le clár athchóirithe de chuid BCE - clár chun bannaí a cheannach.

Ba cheart go mbeadh BCE in ann bannaí arna n-eisiúint ag an Aontas a cheannach. D’eiseodh

an tAontas banna (fiachais) lena n-áireofaí, mar shampla, bearta eacnamaíocha Eorpacha nó lena bhféadfaí liúntas Eorpach um chostas leanaí a mhaoiniú freisin. Níor cheart go bhféadfaí bearta náisiúnta a mhaoiniú. Níl ach comhbhearta Eorpacha le háireamh sa chlár seo – i gcomhpháirt agus go leithleach – ar mhaithe leis an gcomhbhrabús. Ní bheidh na bannaí (fiachas) intrádála. Ní fhéadfaidh institiúidí agus infheisteoirí príobháideacha iad a cheannach. Ní cheadaítear ach do BCE na bannaí sin a shealbhú. Níl gealltanas ráta úis san áireamh iontu, ach dáta aisíocaíochta. Tá gach Ballstát atá rannpháirteach in eisiúint an bhanna faoi dhliteanas i leith aisíocaíochta. Níl na Ballstáit faoi dhliteanas ach as a sciar féin faoi seach. Féadfaidh mainneachtain aisíoc a dhéanamh a bheith ina fhoras le diúltú i gcás eisiúintí amach anseo. Ar chúiseanna dlúthpháirtíochta, ba cheart do na Ballstáit uile a bheith rannpháirteach i mbanna (fiachais). De facto, tá na Ballstáit ar aon intinn faoin méid seo a leanas:

- cuspóir a shaothrú (bochtaineacht leanaí a chomhrac trí liúntas Eorpach um chostas leanaí); (dífhostaíocht a chomhrac trí liúntas oibre gearr-ama/bearta eacnamaíocha), etc.
- Méid an bhanna (fiachais)
- Dáta aisíocaíochta
- Réamhchoinníollacha (athchóirithe) a d’fhéadfadh a bheith ann do na stáit (chomh)eisiúna chomh maith.

Chinnfeadh BCE ar bhonn a chritéir féin (amhail taifead íocaíochta roimhe seo, athbhreithniú dlíthiúil, etc.) an bhféadfaidh an banna (fiachais) a eisíodh a cheannach. Dhéanfadh BCE cinneadh go neamhspleách. Níl aon ráthaíocht ann go bhféadfar banna (fiachais) a eisiúint. Is é BCE amháin a fhéadfaidh na bannaí (fiachais) a cheannach, rud a ligeann dó airgead a chur isteach sa spás coiteann eacnamaíoch ar bhealach rialaithe agus é a neodrú tráth na haisíocaíochta. Ós rud é gur BCE amháin a ghníomhaíonn ina chreidiúnaí, is féidir an t-éileamh a tharscaoileadh níos déanaí. Déanann an cineál banna fiachais sin an raon feidhme polaitiúil a leathnú, agus caomhnaíonn sé neamhspleáchas an Bhainc Ceannais Eorpaigh ag an am céanna.

Léirítear i gCaibidil II an comhghaol idir an comhshaol agus an tsláinte, chomh maith leis na bearta coisctheacha is gá i réimsí na míochaine saothair. Bíonn tionchar diúltach eacnamaíoch ag na laethanta a chailltear de dheasca breoiteachta ar tháirgeadh, ar chostais táirgthe, agus ar thrádáil agus ar sheirbhísí.

I gCaibidil III, feictear ní hamháin nach bhfuil aon dul chun cinn á dhéanamh i dtaca leis an gcóineasú i gcoitinne idir tíortha na hEorpa, ach áirítear éagsúlachtaí móra idir an Tuaisceart agus an Deisceart freisin i dtaobh na sochar a fhaigheann daoine. Mar thoradh air sin, tá an bhochtaineacht shuibiachtúil ag an leibhéal is mó riamh, agus tá rátaí bochtaineachta oibiachtúla ag leibhéal an-ard freisin.

Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach agus riachtanach díriú ar an gcumhacht cheannaigh i gcláir eacnamaíocha atá dírithe ar an todhchaí. A bhuí leis sin, d’fhéadfaidís a bheith go hiomlán éifeachtach sa Seimeastar Eorpach um Chomhordú an Bheartais Eacnamaíoch: An Fhostaíocht agus Gnéithe Sóisialta i Straitéis Bhliantúil Fáis Inbhuanaithe 2022.

Chun fás eacnamaíoch inbhuanaithe a chobhsú, is iondúil go leanann méaduithe comhfhreagracha ar tháirgiúlacht méadú ar an gcumhacht ceannaigh. Toradh amháin air sin is ea níos lú obair ghearr-ama agus dífhostaíochta, rud is cúis le coigilteas suntasach costais.

Agus níos mó tomhaltais ann, féadfar a mheas go dtiocfaidh méadú ar an ioncam ó cháin sna Ballstáit. Má chuirtear gach rud san áireamh, ní hamháin go gcuireann méadú ar an gcumhacht cheannaigh bac ar riosca méadaitheach na bochtaineachta, ach cuireann sé srian leis freisin. I dtéarmaí nithiúla, moltar i gCaibidil III, dá bhrí sin, go dtabharfaí isteach liúntas 25/25 um chostas leanaí, a mhínítear thíos.

Tá an saol ina iomláine anois níos casta agus é ar luas níos tapúla agus níos buile. Tá teaghlaigh a bhfuil leanaí acu ag éirí níos boichte agus níos boichte. Ní fhéadfaidh tuismitheoirí coimeád suas leis an luas a thuilleadh agus níl siad in ann gach rud a láimhseáil. Is minice a bhíonn aighneas ann. Toradh amháin is ea méadú ar an bhforéigean laistigh de theaghlaigh, mar shampla. Ar fud na hEorpa, tá méadú ollmhór le feiceáil i gcásanna faillí, mí-úsáid agus faillí leanaí. Tá gá le gníomh cinntitheach chun gníomhú ina choinne sin. Ní mór don Eoraip bochtaineacht leanaí a chomhrac go gníomhach, go díreach agus go háitiúil laistigh den aonad teaghlaigh.

Is iad teaghlaigh bunchloch shochaí na hEorpa, múnlaíonn siad an tslí ina mairimid go léir le chéile agus cinntíonn siad gurb ann don Eoraip i gcónaí. Is iad na teaghlaigh atá láidir amháin, atá in ann sochaí láidir a chothú a bheidh in ann an fód a sheasamh in aghaidh na hiomaíochta domhanda. Chun an Ráthaíocht do Leanaí a chur chun feidhme, measann an Rapóirtéir gur gá liúntas 25/25 Eorpach leanaí a thabhairt isteach agus go bhfuil sé thar am déanamh amhlaidh.

Ní féidir an tacaíocht bhreise Eorpach leanaí sin a fhritháireamh in aghaidh aon sochair eile. Sa Tuarascáil Chríochnaitheach dar teideal Feasibility Study for a Child Guarantee [Staidéar Indéantachta maidir le Ráthaíocht do Leanaí], a thíolaic an Coimisiún Eorpach i mí an Mhárta 2020, tugtar míniú mionsonraithe ar an mbunús dlí agus na freagrachtaí atá ann cheana. Bunaíonn an Sochar 25/25 Eorpach Leanaí seo tionscadal forbartha eacnamaíche inbhuanaithe. Cuirfidh airgead breise na dteaghlach leis an timthriall airgid, rud a rachaidh chun tairbhe do mhuintir na hEorpa go díreach agus go hindíreach freisin.

Tá an tsuim 50 euro riachtanach do gach leanbh a bheirtear san Eoraip, ar lú ioncam na dtuismitheoirí ná meánioncam an Bhallstáit lena mbaineann. Roinnte in 25 euro in aghaidh an linbh – mar íocaíocht dhíreach ó na cistí teaghlaigh atá ann cheana sna Ballstáit – agus 25 euro eile in aghaidh an linbh as an scéim nuabhunaithe, comhairleoirí teaghlaigh Eorpacha, a chruthú, a oibreoidh go gníomhach leis na teaghlaigh ar an leibhéal áitiúil.

Seasann Comradaí Teaghlaigh Eorpaigh don mhéid seo a leanas:

- Láithreacht na hEorpa laistigh den aonad teaghlaigh, ag bunú bá níos fearr leis an Eoraip.
- An nasc idir teaghlaigh, struchtúir soláthair agus pobail faoi choimirce na hEorpa.
- Tacaíocht choisctheach do theaghlaigh ón toircheas go dtí go mbeidh aois duine fhásta slánaithe ag na leanaí, tacaíocht atá saincheaptha do theaghlaigh mar phobal.
- Fadhbanna a shainaithint go luath (éilimh iomarcacha, faillí, mí-úsáid, tréigean, foréigean sa teaghlach, neamhoird forbraíochta i leanaí, etc.)
- Réitigh lena gcomhtháthaítear struchtúir soláthair atá ann cheana agus lena ndéantar iad a líonrú go leithleach do theaghlaigh.

Tríd an Aontas Eorpach a dhéanamh níos fabhraí do theaghlaigh, tabharfar níos mó leanaí ar an saol arís san Eoraip. Ach teaghlaigh a neartú, neartófar an tsochaí ina hiomláine.

Tugtar aghaidh go sonrach i gCaibidil IV ar fhás eacnamaíoch inbhuanaithe trí áiseanna

tábhachtacha táirgthe a ath-Eorpú, mar shampla, teicneolaíocht leathsheoltóra, táirgí leighis, cógais leighis agus táirgí sláinteachais, agus ar an gcaoi sin déantar slabhraí soláthair a ghiorrú agus fostaíocht a fhorbairt agus a mhéadú. I gCaibidil IV, tugann an rapóirtéir aghaidh freisin ar thionchar ganntanais scileanna agus ar thábhacht mhéadaitheach an oideachais, na nuálaíochta agus an taighde. Is iad sin na colúin d'fhostaíocht atá inghlactha go sóisialta san Eoraip.

Tá Caibidil V tiomanta don fhás eacnamaíoch inbhuanaithe trí phrionsabail fheabhsaithe táirgthe, seirbhíse agus trádála.

Ó thaobh beartas fostaíochta sóisialta Eorpach de, ciallaíonn sé sin go háirithe go leagtar síos i gclár sóisialta don deimhniúchán an méid seo a leanas: beartas atá fabhrach do theaghlaigh, an inbhuanaitheacht, an neamhdhíobhálacht don aeráid, an trédhearcacht phá agus na bunluachanna sóisialta. Ba cheart iad sin a chódú do thairiscintí poiblí agus uile-Eorpacha agus ba cheart iad a úsáid chun fostaíocht agus fás eacnamaíoch atá inbhuanaithe agus inghlactha go sóisialta a chothú.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 28.2.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 15<br>–: 11<br>0: 29 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Marc Angel, Dominique Bilde, Gabriele Bischoff, Vilija Blinkevičiūtė, Milan Brglez, Sylvie Brunet, Jordi Cañas, David Casa, Leila Chaibi, Ilan De Basso, Margarita de la Pisa Carrión, Jarosław Duda, Estrella Durá Ferrandis, Rosa Estaràs Ferragut, Nicolaus Fest, Loucas Fourlas, Cindy Franssen, Helmut Geuking, Elisabetta Gualmini, Alicia Homs Ginel, France Jamet, Agnes Jongerius, Radan Kanev, Ádám Kósa, Stelios Kympouropoulos, Katrin Langensiepen, Miriam Lexmann, Elena Lizzi, Giuseppe Milazzo, Sandra Pereira, Kira Marie Peter-Hansen, Dragoş Pîslaru, Manuel Pizarro, Dennis Radtke, Elżbieta Rafalska, Guido Reil, Daniela Rondinelli, Mounir Satouri, Monica Semedo, Michal Šimečka, Beata Szydło, Eugen Tomac, Romana Tomc, Marie-Pierre Vedrenne, Marianne Vind, Maria Walsh, Stefania Zambelli, Tatjana Ždanoka, Tomáš Zdechovský |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Konstantinos Arvanitis, Alin Mituța, Evelyn Regner, Eugenia Rodríguez Palop, Véronique Trillet-Lenoir, Anna Zalewska |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 15 | + |
|---|---|
| PPE | David Casa, Jarosław Duda, Loucas Fourlas, Cindy Franssen, Helmut Geuking, Stelios Kympouropoulos, Maria Walsh |
| Renew | Sylvie Brunet, Jordi Cañas, Alin Mituța, Dragoş Pîslaru, Monica Semedo, Michal Šimečka, Véronique Trillet-Lenoir, Marie-Pierre Vedrenne |

| 11 | - |
|---|---|
| ECR | Margarita de la Pisa Carrión |
| ID | Dominique Bilde, Nicolaus Fest, France Jamet, Elena Lizzi, Guido Reil, Stefania Zambelli |
| NI | Ádám Kósa, Daniela Rondinelli |
| PPE | Radan Kanev |
| The Left | Sandra Pereira |

| 29 | 0 |
|---|---|
| ECR | Giuseppe Milazzo, Elżbieta Rafalska, Beata Szydło, Anna Zalewska |
| PPE | Rosa Estaràs Ferragut, Miriam Lexmann, Dennis Radtke, Eugen Tomac, Romana Tomc, Tomáš Zdechovský |
| S&D | Marc Angel, Gabriele Bischoff, Vilija Blinkevičiūtė, Milan Brglez, Ilan De Basso, Estrella Durá Ferrandis, Elisabetta Gualmini, Alicia Homs Ginel, Agnes Jongerius, Manuel Pizarro, Evelyn Regner, Marianne Vind |
| The Left | Konstantinos Arvanitis, Leila Chaibi, Eugenia Rodríguez Palop |
| Verts/ALE | Katrin Langensiepen, Kira Marie Peter-Hansen, Mounir Satouri, Tatjana Ždanoka |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh